



Uimhir 31 de 2001

AN tACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

[An tiontú oifigiúil]

RIAL NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Bunú agus comhaltas an Choimisiúin.
3. Feidhmeanna breise an Choimisiúin.
4. Gearáin leis an gCoimisiún.
5. Díolúine etc., do ghearánaigh.
6. Oifigh fiosrúcháin.
7. Imscrúduithe ag an gCoimisiún.
8. Céannacht Daoine a dhéanann gearáin.
9. Costais daoine a láithrionn os comhair an Choimisiúin nó Coiste.
10. Cóid iompair.
11. Forálacha i ndáil le ráitis faoi ailt 17 agus 18 den Phríomh-Acht.
12. Dáta clárúcháin.
13. Leasuithe iarmhartacha agus mionleasuithe ar an bPríomh-Acht.
14. Idirthréimhseach agus cosaint.
15. Tagairtí sa Phríomh-Acht agus in Acht 1997 a oiriúnú.
16. Inghlacthacht fianaise áirithe.
17. Cosc.
18. Doiciméid a fhollasú.
19. Doiciméid a chaomhnú, etc.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

20. Forálacha i ndáil le foirmeacha faoi alt 5 den Phríomh-Acht agus faoi alt 24 d'Acht 1997.
21. Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh ag comhaltaí.
22. Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh sula ndéanfar ceapachán chuig oifig bhreithiúnach.
23. Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh ag sealbhóirí ar oifig shinsearach.
24. Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh dá éis sin ag daoine a sháraíonn *alt 21* nó *23*.
25. Deimhnithe imréitigh cánach chun críocha *alt 21, 22, 23* nó *24*.
26. Leasú ar an Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.
27. Deacrachtaí a réiteach.
28. Aisghairm agus cúlghairm.
29. Gearrtheideal, tosach feidhme, forléiriú agus comhluanna.

SCEIDEAL 1

LEASÚ AR AN BPRÍOMH-ACHT

SCEIDEAL 2

AISGHAIRM

[2001.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.* [Uimh. 31.]

NA hAHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976	1976, Uimh. 8
Na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil	
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995	1995, Uimh. 31
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 1999	
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí), 1938	1938, Uimh. 34
An tAcht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938	1938, Uimh. 37
Na hAchtanna Cánach	
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1977, Uimh. 10
An tAcht Cánach Breisluacha, 1972	1972, Uimh. 22



Uimhir 31 de 2001

AN tACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COIMISIÚN A BHUNÚ, AR A dTABHARFAR AN COIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, DO THABHAIRT FHEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN UM OIFIGÍ POIBLÍ AGUS FEIDHMEANNA ÁIRITHE EILE DÓ, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE DAOINE DO THABHAIRT DEIMHNITHE IMRÉITIGH CÁNACH DON CHOIMISIÚN SIN AR IAD A THOGHADH CHUN CEACTAR TÍ DEN OIREACHTAS NÓ AR IAD A CHEAPADH CHUIG OIFIG BHREITHIÚNACH NÓ OIFIG SHINSEARACH, DO LEASÚ AN ACHTA I dTAOBH DEARBHUITHE REACHTÚLA, 1938, AN ACHTA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995, AGUS AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1997, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[14 *Iúil*, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.

ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht Toghcháin, 1997;

ciallaíonn “na hAchtanna”—

- (a) na hAchtanna Cánach,
- (b) an tAcht um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (c) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, agus
- (d) an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin;

ciallaíonn “ráiteas iarratais” ráiteas arna eisiúint faoi *alt 25(4)*;

ciallaíonn “Ard-Bhailitheoir” an tArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 851 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

A.1

[*Uimh. 31.*] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.*

ciallaíonn “an Coimisiún” an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí arna bhunú faoi alt 21 (arna leasú leis an Acht seo) den Phríomh-Acht;

tá le “deonachán” an bhrí a shanntar dó le Cuid IV den Acht Toghcháin, 1997;

tá le “ceann”, i ndáil le comhlacht poiblí, an bhrí a shanntar leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, do cheann, i ndáil le comhlacht poiblí (de réir bhrí an Achta sin), fara aon mhodhnuithe is gá;

forléireofar “oifigeach fiosrúcháin” de réir *alt 6*;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;

ciallaíonn “oifig shinsearach”—

(a) stiúrthóireacht ainmnithe ar chomhlacht poiblí a shonraítear i bhfomhíreanna (8) go (12), nó atá forordaithe faoi mhír (13), de mhír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, nó

(b) post ainmnithe i gcomhlacht poiblí,

nach lú an luach saothair i ndáil leis nó léi ná an luach saothair is lú i ndáil le post Leas-Ardrúnaí sa Státseirbhís (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956);

ciallaíonn “deimhniú imréitigh cánach” deimhniú arna eisiúint faoi *alt 25(1)*.

(2) Beidh le focal nó le habairt a úsáidtear san Acht seo agus sa Phríomh-Acht freisin, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna san Acht seo atá leis nó léi sa Phríomh-Acht.

(3) San Acht seo—

(a) aon tagairt d’alt nó do Sceideal, is tagairt í d’alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í d’fho-alt, do mhír nó d’fho-mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(c) déanfar tagairt d’aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis nó faoi.

Bunú agus comhaltas an Choimisiúin.

2.—Leasaítear leis seo alt 21 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Bunaítear leis seo, in ionad an Choimisiúin um Oifigí Poiblí, coimisiún (ar a dtabharfar an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus dá ngairtear ‘an Coimisiún’ san Acht seo).

(2) Is é a bheidh sa Choimisiún 6 chomhalta, eadhon—

(a) cathaoirleach a bheidh ina bhreitheamh nó ina breitheamh, nó ina iarbhreitheamh nó ina

hiarbhreitheamh, den Chúirt Uachtarach nó den
Ard-Chúirt, agus

(b) na gnáthchomhaltaí seo a leanas—

(i) an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,

(ii) an tOmbudsman,

(iii) Cléireach Dháil Éireann,

(iv) Cléireach Sheanad Éireann, agus

(v) duine—

(I) a cheapfaidh an Rialtas chun bheith ina
chomhalta nó ina comhalta den sórt sin tar
éis rúin arna rith ag gach Teach lena
gceadófar an ceapachán beartaithe, agus

(II) ar iarchomhalta é nó í de cheann amháin de
na Tithe agus nach ionadaí i bParlaimint na
hEorpa é nó í.

(2A) Is é nó is í an tUachtarán a dhéanfaidh duine a
cheapadh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an
gCoimisiún ar chomhairle ón Rialtas tar éis do gach Teach den
Oireachtas rúin a rith lena molfar an ceapachán.

(2B) Maidir le haon duine a bheidh ceaptha le bheith ina
chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoimisiún—

(a) féadfaidh an tUachtarán, ar iarraidh a fháil ón duine
féin, é nó í a scaoileadh ó oifig, agus

(b) féadfaidh an tUachtarán é nó í a chur as oifig ach ní
chuirfear as oifig é nó í ach amháin mar gheall ar
mhí-iompar sonraithe, éagumas nó féimheacht agus
ní dhéanfar amhlaidh ach amháin tar éis do gach
Teach rúin a rith lena n-éileofar é nó í a chur as oifig.

(2C) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, beidh aon duine a
cheapfar le bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an
gCoimisiún i seilbh oifige ar feadh téarma 6 bliana agus féadfar
é nó í a athcheapadh chun na hoifige sin le haghaidh an dara
téarma nó le haghaidh téarma dá éis.

(2D) Íocfar le cathaoirleach an Choimisiúin (seachas
cathaoirleach ar sealbhóir é nó í ar oifig bhreithiúnach) cibé
luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire.

(2E) (a) Má chuireann cathaoirleach an Choimisiúin in iúl don
Aire go bhfuil sé nó sí, ar chúis ar bith, neamhábaltach
go sealadach gníomhú mar chathaoirleach den sórt
sin, ceapfaidh an tAire cibé duine, ar breitheamh, nó
iarbhreitheamh, den Chúirt Uachtarach nó den Ard-
Chúirt é nó í, a ainmneoidh an Príomh-Bhreitheamh
chun na críche chun gníomhú mar chathaoirleach
den sórt sin fad a mhairfidh an neamhábaltacht sin.

(b) Ar dhuine a cheapadh de bhun *mhír* (a) chun bheith
ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an

[*Uimh. 31.*] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

gCoimisiún, measfar nach é nó í an cathaoirleach, agus nach comhalta den Choimisiún, an duine nach mbeidh ábalta go sealadach gníomhú mar chathaoirleach ar an gCoimisiún fad a mhairfidh an neamhábaltacht.

(2F) Más rud é go scoirfidh an duine, arb é nó í cathaoirleach an Choimisiúin é nó í (seachas de thoradh bás a fháil nó é nó í a chur as oifig), le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mar chathaoirleach den sórt sin, de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Ard-Chúirt agus nach breitheamh den Chúirt Uachtarach é nó í nó más rud é go scoirfidh sé nó sí de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Chúirt Uachtarach amhlaidh, leanfaidh sé nó sí de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach den sórt sin go dtí go rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag.

(2G) Más rud é, tar éis imscrúdú a thionscnamh faoi alt 23 agus sula gcomhlíonfaidh an Coimisiún alt 24 i ndáil leis an imscrúdú, go scoirfidh duine atá ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Choimisiún (seachas de thoradh bás a fháil nó é nó í a chur as oifig) den oifig a shealbhú a raibh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún faoina treoir, leanfaidh an duine sin, faoi réir a thoilithe nó a toilithe, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún chun críocha an imscrúdaithe go dtí go gcomhlíonfar alt 24 i ndáil leis an imscrúdú mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt.

(2H) Maidir le gnáthchomhalta den Choimisiún a cheapfar ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin faoi fho-alt (2)(b)(v)—

- (a) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh téarma 6 bliana agus féadfar é nó í a athcheapadh chun na hoifige sin i gcomhair an dara téarma oifige nó i gcomhair téarma oifige ina dhiaidh sin,
- (b) scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige más rud é—
 - (i) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
 - (ii) go n-ainmneofar é nó í lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de cheachtar Teach nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó
 - (iii) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,
- (c) faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair (más ann) agus le liúntais (más ann) i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire,
- (d) féadfaidh sé nó sí éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra,

[2001.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [Uimh. 31.]
Poiblí, 2001.

A.2

- (e) féadfaidh an Rialtas é nó í a chur as oifig tráth ar bith ach ní chuirfear as oifig é nó í ach amháin mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, éagumas nó féimheacht agus sa chás sin ní dhéanfar amhlaidh ach amháin tar éis rúin arna rith ag gach Teach lena n-éileofar é nó í a chur as oifig.

(2I) D'ainneoin aon ní in *Acht 2001* nó san *Acht seo*, féadfaidh an Coimisiún, gan ann ach cathaoirleach an Choimisiúin, cibé feidhmeanna de chuid an Choimisiúin a chinneadh sé a chomhlíonadh i ndáil le cibé ní nó le cibé nithe a chinneadh sé, agus beidh éifeacht leis na *hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*, agus leis na *hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2001*, agus le haon rialacháin a dhéanfar faoi alt 72 d'*Acht 1997* dá réir sin i ndáil le haon chinntí den sórt sin fara aon mhodhnuithe is gá.

(2J) Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Coistí ó am go ham, ach déanfaidh sé amhlaidh dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad, i ndáil le hoibriú an *Achta seo*, le hoibriú *Acht 2001*, agus, a mhéid is iomchuí maidir le feidhmeanna an Choimisiúin agus na gCoistí, le hoibriú an *Achta Toghcháin, 1997*, agus i ndáil le cibé nithe eile (más ann) a mheasfaidh siad a bheith cuí.”.

3.—I dteannta na bhfeidhmeanna a thugtar don Choimisiún leis an bPríomh-Acht agus leis na hailt eile den *Acht seo*, beidh na feidhmeanna a thugtar don Choimisiún um Oifigí Poiblí le *hAcht 1997* ag an gCoimisiún. Feidhmeanna breise an Choimisiúin.

4.—(1) Más rud é go measfaidh duine (“an gearánach”)—

Gearáin leis an gCoimisiún.

- (a) go mb'fhéidir go mbeadh gníomh nó neamhghníomh déanta ag duine sonraithe, nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe, tar éis thosach feidhme *alt 2* ar gníomh nó neamhghníomh é de chineál, nó maidir le himthosca an chéanna gur imthosca iad de chineál, a bheidh ar neamhréir le comhlíonadh cuí feidhmeanna na hoifige nó an phoist ag an duine sonraithe, ar oifig í nó post é a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine sonraithe nó ina duine sonraithe faoina treo nó faoina threo, nó le muinín an phobail i gcoitinne sa chomhlíonadh sin a choinneáil, agus gur ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis,
- (b) go mb'fhéidir go mbeadh foráil den *Príomh-Acht* sáraithe ag duine sonraithe, nó
- (c) go mb'fhéidir go mbeadh foráil d'*Acht 1997* sáraithe ag duine sonraithe,

féadfaidh an gearánach gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún i ndáil leis an ní.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomh nó le neamhghníomh arna dhéanamh ag duine sonraithe nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe más rud é—

- (a) go mbaineann sé le ní príobháideach agus nach bhfuil baint aige le feidhmeanna na hoifige ná an phoist a bhfuil

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

an duine sonraithe ina dhuine den sórt sin faoina threoir nó faoina treoir, nó

- (b) go dtagann sé as neamhinniúlacht nó neamhéifeachtúlacht maidir le feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, nó as mainneachtain feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, ar thaobh an duine shonraithe.

(3) Is i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfidh an tAire a bheidh gearán faoi *fho-alt (1)*.

(4) Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar oifigeach fiosrúcháin réamhfhiosrúchán a dhéanamh i dtaobh aon ghearáin faoi *fho-alt (1)* a thagann faoi réim *mhír (a)* den *fho-alt* sin mura measfaidh sé an gearán a bheith suaibhreasach nó cráiteach.

(5) Más rud é, maidir le hábhar gearáin a dhéanfar leis an gCoimisiún nó a tharchuirfear chuige, nach bhfuil sé tromaí go leor, i dtuairim an Choimisiúin, le go mbeadh údar maith ag an gCoimisiún é a imscrúdú, maidir leis an gCoimisiún, dá rogha féin, ní dhéanfaidh sé é a imscrúdú nó déanfaidh sé é a tharchur—

- (a) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina chomhalta nó ina comhalta nó, an tráth lena mbaineann an gearán, a bhí ina chomhalta nó ina comhalta, chuig cibé coiste den Teach lena mbaineann is cú leis,

- (b) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar stiúirthóireacht ainmnithe nó ar aon stiúirthóireacht, nó a bhí, an tráth réamhráite, ina shealbhóir nó ina sealbhóir den sórt sin, nó atá i seilbh poist ainmnithe nó i seilbh aon phoist, i gcomhlacht poiblí, nó a bhí, an tráth réamhráite, i seilbh poist den sórt sin, chuig ceann an chomhlachta,

- (c) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina chomhairleoir speisialta nó ina chomhairleoir speisialta, nó a bhí, an tráth réamhráite ina chomhairleoir nó ina chomhairleoir den sórt sin, chuig an sealbhóir oifige a bhfuil nó a raibh sé nó sí ag gníomhú dó nó di mar chomhairleoir speisialta.

(6) (a) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “duine sonraithe” duine—

- (i) atá, nó a bhí an tráth lena mbaineann an gearán atá i gceist, ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige nó atá, nó a bhí an tráth lena mbaineann an gearán atá i gceist, ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig an Ard-Aighne ach nach bhfuil nó nach raibh ina chomhalta nó ina comhalta,

- (ii) atá, nó a bhí an tráth réamhráite, ina chomhairleoir speisialta nó ina chomhairleoir speisialta nó a bhí ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar stiúirthóireacht ainmnithe de chuid comhlachta poiblí, nó a bhí i seilbh poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí, nó

- (iii) a shealbhaíonn, nó a shealbhaigh an tráth réamhráite, stiúirthóireacht nó post fostaíochta i gcomhlacht poiblí, nó atá, nó a bhí an tráth réamhráite, i seilbh an chéanna.

- (b) Gan dochar do ghinearáltacht na habairte “tábhacht shuntasach phoiblí” i *bhfo-alt (1)*, measfaidh an Coimisiún, más cuí leis déanamh amhlaidh ag féachaint do na himthosca go léir, chun críocha an fho-ailt sin, go ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí le ní má bhaineann an ní sin le tairbhe a líomhnaítear a bheith faighte ag duine sonraithe nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe agus, nár lú luach na tairbhe, i dtuairim an Choimisiúin, ná £10,000, nó nach lú ná sin é, nó go mb’fhéidir nár lú ná sin é, nó go rabhthas ag súil leis nó go bhfuiltear ag súil leis nó go mb’fhéidir go mbeifí ag súil leis nár lú ná sin é, nó go dtiocfadh luach nach lú ná £10,000 chun bheith air.

5.—(1) Más rud é, maidir le duine (“an gearánach”)—

Díolúine etc., do ghearánaigh.

- (a) go ndéanfaidh sé nó sí gearán, de mheon macánta, faoin Acht seo nó faoin bPríomh-Acht leis an gCoimisiún, le Coiste nó le Cléireach, agus
- (b) go gcreidfídh sé nó sí le réasún go ndearnadh an gearán leis an duine cuí agus gur gearán é atá le himscrúdú faoin bPríomh-Acht,

ní bheidh aon ábhar caingne ann i gcoinne an duine, agus ní dhéanfar aon bheart araíonachta ina aghaidh nó ina haghaidh, i leith an mhéid seo a leanas, nó i leith aon ní a éireoidh as an méid seo a leanas—

- (i) an gearán,
- (ii) faisnéis a thabhairt don Choimisiún, do Choiste, do Chléireach nó d’oifigeach fiosrúcháin i ndáil leis an ngearán,
- (iii) an Coimisiún, Coiste, Cléireach nó oifigeach fiosrúcháin do chomhlíonadh feidhm dá chuid nó dá cuid faoin Acht seo nó faoin bPríomh-Acht i ndáil leis an ngearán.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gearánach a dhéanann gearán dá dtagraítear san fho-alt sin is eol dó nó di a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach nó a thugann faisnéis don Choimisiún, do Choiste, do Chléireach nó d’oifigeach fiosrúcháin is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

(3) Más rud é go ndéanfaidh fostóir fostaí lena mbaineann an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977, a dhífhostú agus gurb ionann an dífhostú agus beart araíonachta arna dhéanamh de shárú ar *fo-alt (1)* i ndáil leis an bhfostaí, is dífhostú é an dífhostú a mheastar chun críocha an Achta sin, de bhua alt 6(2)(f) de, gur dífhostú éagórach é.

(4) Aon duine a dhéanfaidh beart araíonachta de shárú ar *fo-alt (1)* i ndáil le duine eile, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi,
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £50,000 a chur air nó uirthi.

(5) (a) San alt seo, ciallaíonn “beart araíonachta” gníomh—

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

- (i) a dhéantar i ndáil le gearánach, cibé acu maidir le fostaíocht an ghearánaigh nó ar shlí eile, agus
 - (ii) a bheartaítear go hiomlán nó go príomha mar phionós nó mar dhíoltas as an ngearán lena mbaineann, ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó beart dá dtagraítear i *mír (ii)* nó *(iii)* den fho-alt sin.
- (b) Más rud é gur duine a bheidh ag gníomhú ar chomhairle nó thar ceann an duine is ábhar do ghearán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanfaidh gníomh dá dtagraítear i *mír (a)*, measfar, maidir leis na daoine sin araon, chun críocha *fho-alt (4)*, go mbeidh beart araíonachta déanta acu de shárú ar *fho-alt (1)* i ndáil leis an ngearánach.
- (c) I *mír (a)*, folaíonn an tagairt do ghníomh a dhéanamh tagairt do neamhghníomh a dhéanamh.

Oifigigh fiosrúcháin. 6.—(1) Féadfaidh an Coimisiún a údarú do cibé daoine agus do cibé líon daoine a chinnfidh sé (dá ngairtear “oifigigh fiosrúcháin” san Acht seo) chun na feidhmeanna a thugtar d’oifigigh fiosrúcháin leis an alt seo a chomhlíonadh.

(2) Aon uair a iarrfaidh an Coimisiún air nó uirthi amhlaidh, déanfaidh oifigeach fiosrúcháin, chun cabhrú leis i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, réamhfiosrúcháin i dtaobh gearáin faoi alt 22 den Phríomh-Acht nó faoi *alt 4*—

- (a) trína iarraidh ar an duine a mbeidh an gearán déanta aige nó aici, nó ar aon duine eile a mbeadh baint ag a chuid fianaise nó a cuid fianaise, nó a d’fhéadfadh baint a bheith ag a chuid fianaise nó a cuid fianaise, i dtuairim an oifigigh, leis an bhfiosrúchán, de rogha an duine—
 - (i) ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil dó nó di i dtaobh na fianaise a thabharfadh an duine don Choimisiún i ndáil leis an ní in imscrúdú ar an ngearán ag an gCoimisiún faoi alt 23 den Phríomh-Acht, nó
 - (ii) ráiteas i dtaobh na fianaise réamhráite a dhéanamh ag cruinniú leis nó léi ar ráiteas é a scríobhfaidh an t-oifigeach síos,

laistigh de cibé tréimhse ama réasúnach a shonróidh an t-oifigeach,

- (b) trí shonraí an ghearáin agus cóipeanna den ráiteas nó de na ráitis faoi *mhír (a)* agus cóipeanna d’aon doiciméid iomchuí a thabhairt don duine a ndéanfar an gearán ina choinne nó ina coinne agus trína iarraidh ar an duine, de rogha an duine—
 - (i) ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil dó nó di i dtaobh na fianaise a thabharfadh an duine don Choimisiún i ndáil leis an ní in imscrúdú den sórt sin a dúradh i ndáil leis an ní, nó
 - (ii) ráiteas i dtaobh na fianaise réamhráite a dhéanamh ag cruinniú leis nó léi ar ráiteas é a scríobhfaidh an t-oifigeach síos,

laistigh de cibé tréimhse ama réasúnach a shonróidh an t-oifigeach, agus

- (c) más cuí, trí agallaimh a sheoladh leis na daoine dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)*, agus trína gceistiú, chun na ráitis réamhráite a dhéanamh.

(3) Tar éis fiosrúchán de bhun *fho-alt (2)*, déanfaidh an t-oifigeach fiosrúcháin lena mbaineann tuarascáil a ullmhú i scríbhinn ar thorthaí an fhiosrúcháin agus tabharfaidh sé nó sí an tuarascáil agus an ráiteas nó na ráitis faoi *fho-alt (2)* agus aon doiciméid iomchuí don Choimisiún; agus ní bheidh aon chinntí ná aon fhionnachtana sa tuarascáil, ach, má iarrann an Coimisiún amhlaidh, nochtfar tuairim an oifigigh ann i dtaobh an bhfuil fianaise *prima facie* ann chun go mbeidh bonn leis an ngearán lena mbaineann.

(4) Is é nó is í an duine a mbeidh ráiteas faoi *fho-alt (2)* déanta aige nó aici a shíneoidh é (nó, más gá, a shainaitheoidh é ar shlí eile) agus, más de bhun *mhír (a)(ii)* nó *(b)(ii)* den *fho-alt* sin a rinneadh an ráiteas, déanfar an síniú i láthair an oifigigh fiosrúcháin lena mbaineann, agus síneoidh sé nó sí an ráiteas ansin.

(5) Féadfaidh oifigeach fiosrúcháin a iarraidh ar dhuine aon doiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú ag an duine a thabhairt ar aird, ar doiciméad é is dóigh leis an oifigeach atá iomchuí maidir lena fhiosrúchán nó maidir lena fiosrúchán.

(6) Más rud é go dtabharfaidh duine doiciméad ar aird d'oifigeach fiosrúcháin de bhun iarraidh faoi *fho-alt (5)*, féadfaidh an t-oifigeach, le toiliú an duine, an doiciméad a choimeád ina sheilbh nó ina seilbh ar feadh tréimhse réasúnaí chun é a scrúdú agus a chóipeáil.

(7) Féadfaidh duine a bheidh á chur nó á cur faoi agallamh de bhun *fho-alt (2)* diúltú freagra a thabhairt ar aon cheist a chuirfidh an t-oifigeach fiosrúcháin lena mbaineann air nó uirthi, nó diúltú d'aon iarraidh ar dhoiciméad a thabhairt ar aird a dhéanfaidh an t-oifigeach sin, agus féadfaidh sé nó sí deireadh a chur leis an agallamh tráth ar bith agus féadfaidh duine a ndéanfar iarraidh chuige nó chuici faoi *fho-alt (2)* nó *(5)* diúltú déanamh de réir na hiarrata.

(8) Tabharfar an t-údarú d'oifigeach fiosrúcháin faoi *fho-alt (1)* a bhaineann leis nó léi agus, nuair a bheidh cumhacht á feidhmiú aige nó aici faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, má iarrann duine dá ndéantar difear air nó uirthi déanamh amhlaidh, an t-údarú nó cóip de a thabhairt ar aird don duine.

7.—Leasaítear leis seo alt 23 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (1)*: Imscrúduithe ag an gCoimisiún.

“(1) (a) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, i gcás go ndéanfar gearán leis an gCoimisiún faoi *alt 4 d'Acht 2001* nó i gcás go ndéanfar leis é nó go dtarchuirfear chuige é faoi alt 22 nó i gcás go measfaidh an Coimisiún gur cuí déanamh amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú chun a chinneadh, de réir mar is cuí—

- (i) an ndearna an duine lena mbaineann nó duine bainteach gníomh sonraithe, nó
- (ii) ar sháraigh an duine lena mbaineann Cuid II, III nó IV nó Acht 1997.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

(b) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, más rud é go measfaidh an Coimisiún i gcás—

(i) duine a bhféadfadh Cuid II, III nó IV nó Acht 1997 a bheith sáraithe aige nó aici tráth a bhí sé nó sí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige,

(ii) duine atá ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige agus a bhféadfadh gur sháraigh sé nó sí Cuid II nó Acht 1997 sular tháinig sé nó sí chun bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige,

(iii) duine lena mbaineann alt 22(4)(b)(i) agus a bhféadfadh sé gur sháraigh sé nó sí Cuid IV, nó

(iv) duine a bhféadfadh sé go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe,

gur cuí déanamh amhlaidh, déanfaidh sé imscrúdú chun a chinneadh, de réir mar is cuí—

(I) ar sháraigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i) Cuid II, III nó IV nó Acht 1997 tráth a bhí sé nó sí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige,

(II) ar sháraigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (ii) Cuid II nó Acht 1997 sular tháinig sé nó sí chun bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige,

(III) ar sháraigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (iii) Cuid IV, nó

(IV) an ndearna an duine dá dtagraítear i bhfomhír (iv) gníomh sonraithe.

(1A) Ní dhéanfaidh an Coimisiún imscrúdú faoi *fho-alt (I)* ar ghearán faoi *fho-alt (I) d'alt 4 d'Acht 2001* i ndáil le ní dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin mura rud é—

(a) gur Coiste a rinne an gearán leis nó a tharchuir an gearán chuige, nó

(b) go dtiocfaidh an Coimisiún ar an tuairim, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar aon tuarascáil ó oifigeach fiosrúcháin i ndáil leis an ní agus ar aon ráitis nó aon doiciméid a bheidh ag gabháil leis an tuarascáil, go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun cás *prima facie* a shuíomh i ndáil leis an ngníomh sonraithe líomhnaithe lena mbaineann agus, más rud é go ndearnadh iarbhír é, gur gníomh é a thagann faoi réim na *míre* sin (a).

(1B) Ní dhéanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar ghearán ó dhuine seachas comhalta nó duine dá dtagraítear i *mír (c)* nó (d) d'alt 22(4) má mheasann sé gur gearán suaibhreasach nó cráiteach an gearán.

(1C) Faoi réir fho-alt (1A)(b), má thagann an Coimisiún ar an tuairim nach bhfuil agus nach mbeidh fianaise a bheadh

leordhóthanach chun go mbeidh bonn le gearán arna tharchur chuige nó arna dhéanamh leis faoi alt 22 nó faoi *alt 4 d'Acht 2001* ar fáil, féadfaidh sé breith a thabhairt gan imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh, nó scor d'imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh agus, má dhéanann sé amhlaidh, déanfaidh sé taifead ar an mbreith a ullmhú agus beidh feidhm ag fo-ailt (1) agus (4) d'alt 24 i ndáil le taifead den sórt sin mar atá feidhm aige maidir le tuarascáil faoi fho-alt (1) den alt sin fara aon mhodhnuithe is gá.”.

8.—Ní dhéanfaidh an Coimisiún ná Coiste imscrúdú ar ghearán arna dhéanamh leis nó arna tharchur chuige mura ndéanfar céannacht an duine a bheidh ag déanamh an ghearáin a nochtadh dó. Más rud é, ag féachaint do na himthosca go léir, go measfaidh an Coimisiún nó Coiste gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh sé a chur faoi deara nach nochtfar an chéannacht sin ach dóibh siúd ar gá nó ar fóirsteanach an chéannacht ar a bheith ar eolas acu chun na gríoch nó mar gheall ar an gCoimisiún nó ar an gCoiste, de réir mar a bheidh, d'imscrúdú an ghearáin, nó ar shlí eile ar mhaithe le ceartas.

Céannacht Daoine a dhéanann gearáin.

9.—(1) Más rud é, tar éis imscrúdú ag an gCoimisiún faoi alt 23 den Phríomh-Acht nó imscrúdú ag Coiste faoi alt 9 den Acht sin, gurb é tuairim an Choimisiúin nó an Choiste, de réir mar a bheidh, ag féachaint d'fhionnachtana an Choimisiúin nó an Choiste, de réir mar a bheidh, agus do gach ní iomchuí eile (lena n-áirítear mainneachtain comhoibriú leis an gCoimisiún nó leis an gCoiste nó mainneachtain cúnamh a thabhairt don Choimisiún nó don Choiste nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach don Choimisiún nó don Choiste), go bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ann le go mbeadh sé cothromasach déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún nó an Coiste, de réir mar a bheidh, cibé acu uaidh féin nó ar iarratas ó aon duine a bheidh ag láithriú os a chomhair, a ordú—

Costais daoine a láithrionn os comhair an Choimisiúin nó Coiste.

(a) maidir le haon duine eile a bheidh ainmnithe san ordú, go ndéanfaidh sé nó sí na costais go léir arna dtabhú de riachtanas ag aon duine a bheidh ag láithriú os comhair an Choimisiúin nó an Choiste, arna bhfómhas ag Máistir Fómhais de chuid na hArd-Chúirte, nó cuid de na costais sin, a íoc leis an duine sin, nó

(b) maidir le haon duine eile a bheidh ainmnithe san ordú, go ndéanfaidh sé nó sí na costais go léir arna dtabhú ag an gCoimisiún nó ag an gCoiste, arna bhfómhas mar a dúradh, nó cuid de na costais sin, a íoc leis an Aire Airgeadais.

(2) Beidh aon suim is iníoctha de bhun ordú faoin alt seo inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(3) Is as airgead a sholáthróidh an tOireachtas a íocfar aon suim is iníoctha ag an Aire Airgeadais de bhun ordú faoin alt seo.

10.—(1) Déanfaidh Coiste, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, cóid iompair a tharraingt suas ó am go ham chun treoir a thabhairt do chomhaltaí (seachas sealbhóirí oifige) den Teach lena mbaineann.

Cóid iompair.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

(2) Déanfaidh an Rialtas ó am go ham cóid iompair a tharraingt suas chun treoir a thabhairt do shealbhóirí oifige agus beidh feidhm ag alt 15(4)(c) den Phríomh-Acht maidir leis an dréacht d'aon chód iompair den sórt sin mar atá feidhm aige maidir le dréacht dá dtagraítear san alt sin 15(4)(c) fara aon mhodhnuithe is gá.

(3) Déanfaidh an tAire ó am go ham cóid iompair a tharraingt suas chun treoir a thabhairt do dhaoine a shealbhaíonn stiúirthóireachtaí nó poist fostaíochta, nó atá i seilbh stiúirthóireachtaí nó post fostaíochta, i gcomhlachtaí poiblí ach, sula ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le cibé daoine a bheidh ionadaitheach do na daoine sin a mheasfaidh sé nó sí is cuí.

(4) Maidir le cóid iompair faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)*—

(a) féadfar é a leasú le cóid iompair eile faoin bhfo-alt sin,

(b) féadfar é a chúlghairm le cóid iompair eile faoin bhfo-alt sin a chuirfear in ionad an chóid chéadluaite nó lena leasófar cóid iompair eile faoin bhfo-alt sin, nó

(c) féadfar é a chúlghairm le hionstraim i scríbhinn nach guirfear in ionad cóid iompair eile faoin bhfo-alt sin ná nach leasófar an cóid iompair sin leis agus ar cóid iompair é a dhéanfar ar an modh ar a ndearnadh an cóid iompair a bheidh á chúlghairm.

(5) Beidh feidhm ag cóid iompair faoi *fho-alt (1)*, má dhearbhaíonn an Teach lena mbaineann amhlaidh le rún, maidir lena chomhaltaí an dáta a bheidh sonraithe sa rún agus ón dáta sin amach, agus scoirfidh cóid iompair den sórt sin d'fheidhm a bheith aige maidir lena chomhaltaí, má dhearbhaíonn an Teach lena mbaineann amhlaidh, ar an agus ón dáta a bheidh sonraithe sa rún.

(6) Cuirfear in iúl i gcód iompair faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* nó i gcód iompair a chuirfear in ionad cóid den sórt sin na caighdeáin iompair agus ionracais do na daoine lena mbaineann sé maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus i ndáil le haon ní a bhaineann leis an gcomhlíonadh sin, nó a fhearann ar an gcomhlíonadh sin, nó ar dóigh dó fearadh air, nó a ndealraíonn sé go bhfearann sé air, agus i ndáil le cibé nithe eile (más ann) a bheidh sonraithe sa chód.

(7) Déanfaidh duine lena mbaineann cóid iompair faoin alt seo, a mhéid is iomchuí, aird a thabhairt ar an gcód agus treoir a ghlacadh ón gcód i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna agus i ndáil le haon nithe eile lena mbaineann an cóid.

(8) Maidir le doiciméad a airbheartóidh gur cóid iompair é faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* nó maidir le hionstraim faoi *fho-alt (4)(c)*, measfar, mura suffear a mhalairt, gurb é nó í an cóid sin nó an ionstraim sin é nó í agus beidh sé nó sí inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile nó Coiste nó an Choimisiún, agus féadfaidh an binse, an Coiste nó an Coimisiún aon fhoráil d'aon chód den sórt sin is dealraitheach dó a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn dó an cheist sin a chinneadh.

(9) Measfar, maidir le duine lena mbaineann *fo-alt (3)*, go bhfuil foráil ar áireamh sna téarmaí nó sna coinníollacha ar dá réir atá an duine i seilbh na stiúirthóireachta nó na comhairleoireachta speisialta lena mbaineann, nó atá i seilbh an phoist lena mbaineann, ar foráil í

lena gceanglófar ar an duine aird a thabhairt ar an gcód iompair faoin bhfo-alt sin agus treoir a ghlacadh ón gcód sin a mhéid is iomchuí i gcomhlíonadh fheidhmeanna na stiúrthóireachta sin, na comhairleoireachta speisialta sin nó an phoist sin agus i ndáil le haon nithe eile a bheidh sonraithe sa chód.

(10) Ní dhéanfar foráil i gcód iompair faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* i ndáil le haon ní a mhéid gurb amhlaidh—

- (a) i gcás cód den sórt sin faoi *fho-alt (1)*, i dtuairim an Choiste lena mbaineann arna foirmiú tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus
- (b) i gcás cód den sórt sin faoi *fho-alt (2) nó (3)*, i dtuairim an Rialtais nó an Aire, de réir mar is cuí,

a dhéantar foráil leordhóthanach i ndáil leis an ní sin i gcód iompair nó i dtreoirlínte atá ann cheana.

(11) Déanfaidh an Coimisiún cód iompair faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* nó ionstraim faoi *fho-alt (4)(c)* a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh sé.

(12) Féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh a fháil ó shealbhóir oifige, comhairle a thabhairt don sealbhóir oifige—

- (a) i ndáil le feidhm nó le neamhfheidhm cóid iompair arna tharraingt suas faoi *fho-alt (2) nó (3)* nó aon chóid iompair eile nó aon treoirlínte maidir le haon chás nó le haon imthosca áirithe a shonróidh an comhalta agus a fhearann air nó uirthi nó a bhaineann leis nó léi nó le haon chineál iompair nó le haon iompar beartaithe ag an gcomhalta, agus
- (b) i gcás nó in imthosca ina mbeidh feidhm ag cód den sórt sin nó ag treoirlínte den sórt sin, i ndáil le héifeacht agus le hiarmhairtí na feidhme sin.

(13) Féadfaidh an Coiste cuí, ar iarraidh ó chomhalta (seachas sealbhóir oifige), comhairle a thabhairt don chomhalta—

- (a) i ndáil le feidhm nó le neamhfheidhm cóid iompair arna tharraingt suas, tar éis dul i gcomhairle leis, faoi *fho-alt (1)* nó aon chóid iompair eile nó aon treoirlínte maidir le haon chás nó le haon chúinse áirithe a shonróidh an comhalta agus a fhearfaidh air nó uirthi nó a bhainfidh leis nó léi nó le haon chineál iompair nó le haon iompar beartaithe ag an gcomhalta, agus
- (b) i gcás nó in imthosca ina mbeidh feidhm ag cód den sórt sin nó ag treoirlínte den sórt sin, i ndáil le héifeacht agus le hiarmhairtí na feidhme sin.

(14) I gcás go ndéanfar iarraidh faoi *fho-alt (12) nó (13)*—

- (a) déanfaidh an sealbhóir oifige nó an comhalta lena mbaineann cibé faisnéis a thabhairt don Choimisiún nó, de réir mar a bheidh, don Choiste lena mbaineann a theastóidh uaidh le réasún chun críocha a chuid feidhmeanna faoin bhfo-alt sin, agus

- (b) tabharfaidh an Coimisiún nó, de réir mar a bheidh, an Coiste an chomhairle a iarrfar don sealbhóir oifige nó don chomhalta laistigh de 21 lá tar éis dó an iarraidh a fháil nó, más déanaí ná sin é, tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* a fháil.

(15) Beidh éifeacht le haon chomhairle a thabharfar do shealbhóir oifige nó do chomhalta faoin alt seo i ndáil leis an duine a dtabharfar dó nó di í amhail is dá mba chuid den chód iompair nó de na treoirlínte lena mbaineann sí í.

(16) Déanfar an tagairt in alt 28(3) den Phríomh-Acht do threoirlínte arna bhfoilsíú nó do chomhairle arna tabhairt i scríbhinn faoi alt 12 a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn tagairt do chód iompair arna tharraingt suas faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* agus aon chód iompair iomchuí eile nó treoirlínte eile arna dtabhairt nó comhairle eile arna tabhairt i scríbhinn faoi *fho-alt (12)* nó *(13)*.

Forálacha i ndáil le ráitis faoi ailt 17 agus 18 den Phríomh-Acht.

11.—Maidir le pearsa aonair a dtabharfar ráiteas i scríbhinn dó nó di de bhun alt 17 nó 18 den Phríomh-Acht—

- (a) féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar an duine a mbeidh sé tugtha amhlaidh aige nó aici (“an tabharthóir”) faisnéis i ndáil leis an ráiteas nó i ndáil le haon ní a éireoidh i dtaca leis a sholáthar dó nó di,
- (b) má mheasann sé nó sí go mb’fhéidir gur sháraigh an tabharthóir Cuid IV, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an ní leis an gCoimisiún—
- (i) i gcás gur státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) an tabharthóir, faoi mhír *(d)* d’alt 22(4) den Phríomh-Acht amhail is dá mba é nó í an phearsa aonair an t-údarás cuí i ndáil leis an státseirbhíseach (de réir na brí a dúradh) agus beidh feidhm ag an mír sin *(d)* agus ag aon fhoráil iomchuí eile den Phríomh-Acht dá réir sin amhail dá mba údarás den sórt sin an phearsa aonair fara aon mhodhnuithe is gá,
- (ii) in aon chás eile, faoi mhír *(c)* den alt sin 22(4) amhail is dá mba é an comhlacht poiblí lena mbaineann an phearsa aonair agus beidh feidhm ag an mír sin *(c)* agus ag aon fhoráil iomchuí eile den Phríomh-Acht dá réir sin amhail is dá mba chomhlacht den sórt sin an phearsa aonair fara aon mhodhnuithe is gá,

agus

- (c) má dhéanann an Coimisiún imscrúdú faoi alt 23 den Phríomh-Acht ar an ní, tabharfaidh sé nó sí don chomhlacht poiblí lena mbaineann cóip den tuarascáil i scríbhinn ón gCoimisiún i dtaobh thoradh an imscrúdaithe a dtabharfar cóip di don phearsa aonair.

Dáta clárúcháin.

12.—Chun críocha an Phríomh-Achta agus d’ainneoin aon ní san Acht sin—

- (a) i ndáil le Dáil Éireann agus lena cuid comhaltaí agus lena Cléireach, is é an 31 Nollaig 2001 an dáta clárúcháin a bheidh ann díreach tar éis an 31 Eanáir 2001, agus is é a bheidh i ngach dáta clárúcháin dá éis sin dáta gach lae ar cothrom an dáta dheireanaigh sin a luadh é nó, más rud é, ar aon dáta den sórt sin (“an dáta sonraithe”), go mbeidh Dáil Éireann ar lánscoir, an dáta a bheidh 30 lá tar éis dháta an chéad chruinnithe de Dháil Éireann tar éis an dáta shonraithe, agus
- (b) i ndáil le Seanad Éireann agus lena chomhaltaí agus lena Chléireach, is é an 31 Nollaig 2001 an dáta clárúcháin a bheidh díreach tar éis an 31 Eanáir 2001, agus is é a bheidh i ngach dáta clárúcháin dá éis sin dáta gach lae ar cothrom an dáta dheireanaigh sin a luadh é nó, más rud é, ar aon dáta den sórt sin, go mbeidh Dáil Éireann ar lánscoir, an dáta a bheidh 30 lá tar éis dháta an chéad chruinnithe de Sheanad Éireann tar éis an chéad olltoghcháin le haghaidh comhaltaí de Sheanad Éireann tar éis an lánscoir sin.

13.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, leasaítear gach alt den Phríomh-Acht a luaitear i *gcolún (1)* de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i *gcolún (2)* den *Sceideal* sin os coinne an lua sin.

Leasuithe
iarmhartacha agus
mionleasuithe ar an
bPríomh-Acht.

(2) Níl feidhm ag an leasú ar alt 22 den Phríomh-Acht a shonraítear i *mír (1)(b)* i *gcolún (2)* de *Sceideal 1* i ndáil le gearáin arna ndéanamh roimh thosach feidhme an ailt seo.

14.—(1) Beidh éifeacht le Cuid V den Phríomh-Acht, maidir leis na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, amhail is nach n-achtófaí an tAcht seo.

Idirthréimhseach
agus cosaint.

(2) Is iad seo a leanas na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* —

- (a) gearán faoi alt 22 den Phríomh-Acht arna dhéanamh leis an gCléireach, nó arna dhéanamh leis an gCoimisiún um Oifigí Poiblí, nó arna tharchur chuige, roimh thosach feidhme *alt 2*,
- (b) imscrúdú faoi alt 23(1) den Acht sin arna thosú roimh an tosach feidhme sin,
- (c) tuarascáil faoi alt 24 den Acht sin i ndáil le himscrúdú den sórt sin,
- (d) iarraidh faoi alt 25(1)(b) den Acht sin arna déanamh roimh an tosach feidhme sin,
- (e) an tuarascáil faoi alt 27(1) den Acht sin le haghaidh na bliana 1999 agus aon tuarascálacha faoi *fho-alt (2)* den alt sin atá á n-ullmhú díreach roimh an tosach feidhme sin, agus
- (f) aon tuarascáil faoi alt 4 d’Acht 1997 atá á hullmhú díreach roimh an tosach feidhme sin.

(3) Aon treoirínite arna dtarraingt suas agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún um Oifigí Poiblí faoi alt 25 den Phríomh-Acht agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme *alt 2*, leanfaidh

A.14

[*Uimh. 31.*] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí* [2001.]
Poiblí, 2001.

siad de bheith i bhfeidhm tar éis an tosach feidhme sin amhail is dá ndéanfadh an Coimisiún iad a tharraingt suas agus a fhoilsiú faoin alt sin.

Tagairtí sa Phríomh-Acht agus in Acht 1997 a oiriúnú.

15.—(1) Sa Phríomh-Acht, in Acht 1997, i ngach Acht eile den Oireachtas agus i ngach ionstraim arna déanamh faoi aon cheann de na hAchtanna réamhráite—

- (a) déanfar tagairtí don Choimisiún um Oifigí Poiblí a fhorléiriú mar thagairtí don Choimisiún, agus
- (b) déanfar tagairtí do chathaoirleach an Choimisiúin um Oifigí Poiblí a fhorléiriú mar thagairtí do chathaoirleach an Choimisiúin.

(2) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le cibé oiriúnaithe eile (más ann) agus le cibé modhnuithe eile (más ann) ar an bPríomh-Acht, ar Acht 1997 agus ar aon Acht eile den Oireachtas is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach chun go gcomhlíonfaidh an Coimisiún a chuid feidhmeanna faoi na hAchtanna sin.

Inghlacthacht fianaise áirithe.

16.—(1) D'ainneoin fho-alt (8) d'alt 32 den Phríomh-Acht—

- (a) ní bheidh duine a thabharfaidh fianaise os comhair Coiste nó an Choimisiúin nó do dhuine chun go ndéanfaidh sé nó sí ceistiú de bhun fho-alt (4A) den alt sin i dteideal diúltú freagra a thabhairt ar aon cheist a chuirfear air nó uirthi, agus
- (b) ní bheidh duine i dteideal diúltú doiciméad a thabhairt ar aird nó a sheoladh de bhun ordacháin,

ar an bhforas go mb'fhéidir go n-ionchoireofaí é nó í mar gheall a fhreagra nó a freagra nó mar gheall ar an doiciméad.

(2) Maidir le ráiteas nó le hadmháil a dhéanfaidh duine—

- (a) os comhair Coiste nó os comhair an Choimisiúin,
- (b) le duine a dhéanfaidh é nó í a cheistiú de bhun alt 32(4A) den Phríomh-Acht,
- (c) le hoifigeach fiosrúcháin, nó
- (d) i ndoiciméad a ullmhófar do dhuine agus a dhéanfaidh duine a chur chuig duine a shonraítear i *mír (a), (b) nó (c)*, nó chuig comhalta de Choiste nó den Choimisiún, nó chuig comhalta d'fhoireann Coiste nó an Choimisiúin, chun críocha fheidhmeanna an Choiste nó an Choimisiúin, de réir mar a bheidh,

ní bheidh sé nó sí inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine, nó i gcoinne aon duine a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas i leith ghníomhartha nó neamhghníomhartha an duine, in aon imeachtaí coiriúla (seachas imeachtaí i ndáil le cion faoi fho-alt (4) nó (5) d'alt 32 den Phríomh-Acht, nó faoi *alt 17*), nó in aon imeachtaí sibhialta i gcúirt nó i mbinse eile.

[2001.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [Uimh. 31.]
Poiblí, 2001.

17.—Aon duine a chuirfidh cosc nó treampán, trí ghníomh nó neamhghníomh, ar Choiste, ar an gCoimisiún, ar oifigeach fiosrúcháin nó ar dhuine atá ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann Coiste nó an Choimisiúin nó a bheidh ag déanamh ceistiú de bhun alt 32(4A) den Phríomh-Acht, i gcomhlíonadh fheidhmeanna an Choiste, an Choimisiúin nó an oifigh nó an duine sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus tá feidhm ag alt 37 den Phríomh-Acht maidir le cion den sórt sin mar atá feidhm aige maidir le cion faoin Acht sin. Cosc.

18.—(1) Féadfaidh cathaoirleach Coiste, chun críocha fheidhmeanna an Choiste, agus féadfaidh cathaoirleach an Choimisiúin, chun críocha fheidhmeanna an Choimisiúin, a ordú i scríbhinn d'aon duine aon doiciméid i ndáil le haon ní is iomchuí maidir le feidhmeanna an Choiste nó, de réir mar a bheidh, an Choimisiúin agus atá nó a bhí i seilbh nó faoi rialú an duine, a fhollasú faoi mhionn agus aon doiciméid a luaitear sa mhionnscribhinn doiciméad lena mbaineann agus a ndéanann an duine agóid in aghaidh iad a thabhairt ar aird don Choiste, nó de réir mar a bheidh, don Choimisiún agus na forais le haghaidh na haghóide a shonrú sa mhionnscribhinn sin; agus beidh feidhm ag na rialacha cúirte a bhaineann le doiciméid a fhollasú in imeachtaí san Ard-Chúirt maidir le doiciméid a fhollasú de bhun an fho-ailt seo fara aon mhodhnuithe is gá. Doiciméid a fhollasú.

(2) Más rud é go ndéanfaidh duine, i ndáil le follasú doiciméad de bhun *fho-alt (1)*, rialú chúirte dá dtagraítear san fho-alt sin a shárú, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuige sin ar mhodh achomair a bheith déanta chuici ag cathaoirleach an Choiste lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, ag cathaoirleach an Choimisiúin, a ordú don duine an rialú a chomhlíonadh agus cibé ordú eile (más ann) a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá agus is cóir.

19.—(1) Aon duine a mbeidh doiciméad nó faisnéis in aon fhoirm ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú aige nó aici, ar doiciméad é nó faisnéis is eol dó nó di a bheith iomchuí maidir le himscrúdú, nó le himscrúdú beartaithe, a mbeidh sé nó sí eolach air, ag Coiste nó ag an gCoimisiún, caomhnóidh sé nó sí an doiciméad nó an fhaisnéis go dtí go mbeidh an t-imscrúdú agus aon imeachtaí gaolmhara críochnaithe. Doiciméid a chaomhnú, etc.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus tá feidhm ag alt 37 den Phríomh-Acht maidir le cion den sórt sin mar atá feidhm aige maidir le cion faoin Acht sin.

20.—(1) Déanfaidh an Coimisiún na foirmeacha ina mbeidh na ráitis i scríbhinn dá dtagraítear i bhfo-alt (1) d'alt 5 den Phríomh-Acht agus i bhfo-alt (1)(a) d'alt 24 d'Acht 1997 le tabhairt don Chléireach cuí agus don Choimisiún, faoi seach, a eisiúint chuig comhaltaí, agus cinnteoidh an Coimisiún go n-eiseofar an dá fhoirm sin i dteannta a chéile chuig gach comhalta agus sin ag cibé tráthanna a chinnteoidh go mbeidh sé chomh caothúil agus is féidir do chomhaltaí na hailt sin 5 agus 24 a chomhlíonadh. Forálacha i ndáil le foirmeacha faoi alt 5 den Phríomh-Acht agus faoi alt 24 d'Acht 1997.

(2) Tabharfaidh an Coimisiún gach ráiteas a bheidh faighte aige faoin bhfo-alt sin (1)(a) don Chléireach cuí.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh ag comhaltaí.

21.—(1) Déanfaidh aon duine a thoghfad mar chomhalta tar éis thosach feidhme an ailt seo i ndáil leis an Teach lena mbaineann na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an dáta a toghadh amhlaidh é nó í (“dáta an toghcháin”)—

- (a) (i) deimhniú imréitigh cánach a eisíodh chuig an duine tráth nach luaithe ná 9 mí roimh dháta an toghcháin, agus tráth nach déanaí ná 9 mí ina dhiaidh, nó
- (ii) ráiteas iarratais a eisíodh chuig an duine agus a rinneadh tráth nach luaithe ná 9 mí roimh dháta an toghcháin, agus tráth nach déanaí ná 9 mí ina dhiaidh,

agus

- (b) dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin roimh dháta an toghcháin, agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin ina dhiaidh, lena ndearbhaítear, tráth déanta an dearbhaithe, go ndéanann an duine, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, na hoibleagáidí a shonraítear i *bhfo-alt (1) d’alt 25* a chomhlíonadh agus nár choisc aon ní i *bhfo-alt (2)* den alt sin deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuige nó chuici.

(2) Chun críocha an ailt seo, beidh duine tofa ina chomhalta nó ina comhalta—

- (a) nuair a dhearbhaíodh an ceann comhairimh cuí i dtoghchán amhlaidh,
- (b) i gcás go measfar le dlí an duine a bheith tofa mar chomhalta de Dháil Éireann thar ceann dailcheantair gan aon toghchán iarbhir, nuair a bheidh eascaire toghcháin agus freagra an olltoghcháin lena mbaineann faighte ag an gCléireach ón gceann comhairimh thar ceann an dailcheantair sin, nó
- (c) nuair a bheidh sé nó sí ainmnithe ag an Taoiseach mar chomhalta de Sheanad Éireann.

(3) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine arna cheapadh nó arna ceapadh chun oifig an Ard-Aighne tar éis thosach feidhme an ailt seo tráth nach bhfuil sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta mar atá feidhm aige maidir le duine a luaitear san fho-alt sin fairis na modhnuithe go ndéanfar na tagairtí i *míreanna (a)* agus *(b)* den fho-alt sin do dháta an toghcháin a fhorléiriú mar thagairtí do dháta an cheapcháin.

(4) Má sháraíonn duine *fo-alt (1)*, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní agus ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn ar thoradh an imscrúdaithe, agus—

- (a) más duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* an duine, tabharfaidh sé cóip di don Choiste agus cuirfidh an Coiste faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid an Tí, agus
- (b) más duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* an duine sin, tabharfaidh sé cóip di don Taoiseach agus cuirfidh an

Taoiseach faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí.

22.—(1) Ní dhéanfaidh an Bord duine a mholadh don Aire faoi alt 16 d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, mura mbeidh na nithe seo a leanas tugtha ag an duine don Bhord—

Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh sula ndéanfar ceapachán chuig oifig bhreithiúnach.

- (a) deimhniú imréitigh cánach a bheidh eisithe chuig an duine tráth nach luaithe ná 18 mí roimh dháta an mholta, agus
- (b) dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin roimh an dáta sin lena ndearbhófar, tráth déanta an mholta, go ndéanann an duine, de réir mar fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, na hoibleagáidí a shonraítear i *bhfo-alt (1) d’alt 25* a chomhlíonadh agus nach gcoisceann aon ní i *bhfo-alt (2)* den alt sin deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuige nó chuici.

(2) Ní thabharfaidh an Rialtas comhairle don Uachtarán duine a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach nach mbeidh ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig bhreithiúnach dáta na comhairle agus nach mbeidh molta ag an mBord don Aire i ndáil leis an gceapachán sin faoin alt sin 16 mura mbeidh na nithe seo a leanas tugtha ag an duine do Rúnaí an Rialtais—

- (a) deimhniú imréitigh cánach a eisíodh chuig an duine tráth nach luaithe ná 18 mí roimh dháta na comhairle, agus
- (b) dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin roimh an dáta sin lena ndearbhaítear a bhfuil sonraithe i *bhfo-alt (1)(b)*.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “an Bord” an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha;

ciallaíonn “oifig bhreithiúnach”—

- (a) oifig breithimh den Chúirt Uachtarach,
- (b) oifig breithimh den Ard-Chúirt,
- (c) oifig breithimh den Chúirt Chuarda, nó
- (d) oifig breithimh den Chúirt Dúiche;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

23.—(1) Déanfaidh duine a cheapfar chuig oifig shinsearach tar éis thosach feidhme an ailt seo na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an dáta a cheapfar amhlaidh é nó í (“dáta an cheapacháin”)—

Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh ag sealbhóirí ar oifig shinsearach.

- (a) (i) deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm agus a eisíodh chuig an duine tráth nach luaithe ná 9 mí roimh dháta an cheapacháin, agus tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis dháta an cheapacháin, nó

- (ii) ráiteas iarratais a eisíodh chuig an duine agus a rinneadh tráth nach luaithe ná 9 mí roimh dháta an cheapacháin, agus tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis dháta an cheapacháin,

agus

- (b) dearbhú reachtúil a bheidh déanta ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin roimh dháta an cheapacháin, agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis an dáta sin, lena ndearbhófar, tráth déanta an dearbhaithe, go ndéanann an duine, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, na hoibleagáidí a shonraítear i *bhfo-alt (1) d'alt 25* a chomhlíonadh agus nach gcoisceann aon ní i *bhfo-alt (2)* den alt sin deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuige nó chuici.

(2) Má sháraíonn duine *fo-alt (1)*, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní agus déanfaidh sé tuarascáil i scríbhinn ar thorthaí an imscrúdaithe a ullmhú agus cóip di a thabhairt don chomhlacht poiblí lena mbaineann.

(3) Cuirfidh an Coimisiún faoi deara cóipeanna de thuarascáil faoi *fho-alt (2)* a leagan faoi bhráid gach Tí.

Fianaise go bhfuil na hAchtanna á gcomhlíonadh dá éis sin ag daoine a sháraíonn *alt 21* nó *23*.

24.—(1) Má sháraíonn duine *alt 21* nó *23* (“an t-alt iomchuí”) tabharfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas don Choimisiún a luaithe is féidir—

- (a) má bhaineann an sárú le *mír (a) d'fho-alt (1)* den alt iomchuí, deimhniú imréitigh cánach a eisíodh chuig an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin sula dtabharfar amhlaidh é, agus
- (b) má bhaineann an sárú le *mír (b)* den *fho-alt* sin (1), dearbhú reachtúil a bheidh déanta ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin sula dtabharfar amhlaidh é lena ndearbhófar, tráth déanta an dearbhaithe, go ndéanann an duine, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, na hoibleagáidí a shonraítear i *bhfo-alt (1) d'alt 25* a chomhlíonadh agus nach gcoisceann aon ní i *bhfo-alt (2)* den alt sin deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuige nó chuici.

(2) (a) Más rud é nach mbeidh *fo-alt (1)* nó (3) *d'alt 21* comhlíonta ag duine dá dtagraítear sna fo-ailt sin agus lena mbaineann *fo-alt (1)*, sa bhliain lena mbaineann an chéad tuarascáil eile ón gCoimisiún faoi alt 27(1)(a) den Phríomh-Acht tar éis an tsáraithe lena mbaineann nó aon tuarascáil den sórt sin dá éis sin, déanfaidh an Coimisiún an neamhchomhlíonadh a shonrú sa tuarascáil agus, más rud é go mbeidh an duine ina chomhalta nó ina comhalta, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Choiste maidir leis.

(b) I gcás go gcomhlíonfaidh duine den sórt sin a dúradh *fo-alt (1)*, déanfaidh an Coimisiún—

- (i) más duine dá dtagraítear in *alt 21(1)* an duine, fógra a thabhairt i scríbhinn don Choiste maidir leis an gcomhlíonadh agus cuirfidh an Coiste faoi deara

cóipeanna den fhógra a leagan faoi bhráid an Tí,
agus

- (ii) más duine dá dtagraítear in *alt 21(3)* an duine, fógra a thabhairt i scríbhinn don Taoiseach maidir leis an gcomhlíonadh agus cuirfidh an Taoiseach faoi deara cóipeanna den fhógra a leagan faoi bhráid an Tí.

- (3) (a) Más rud é nach mbeidh *fo-alt (1)* comhlíonta ag sealbhóir ar oifig shinsearach lena mbaineann an t-alt sin sa bhliain lena mbaineann an chéad tuarascáil eile ón gCoimisiún faoi alt 27(1)(a) den Phríomh-Acht tar éis an neamhchomhlíonta nó aon tuarascáil den sórt sin dá éis sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn do cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann maidir leis an neamhchomhlíonadh, agus

- (b) nuair a chomhlíonfaidh an duine *fo-alt (1)*, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don cheann réamhráite maidir leis an gcomhlíonadh.

(4) I *bhfo-ailt (2)* agus (3), ní fholaíonn na tagairtí do thuarascáil faoi 27(1)(a) den Phríomh-Acht tuarascáil le haghaidh aon bhliain tar éis na bliana ina gcomhlíonfaidh an duine lena mbaineann *fo-alt (1)*.

25.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, más rud é, maidir le duine a bheidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirfear air nó uirthi leis na hAchtanna—

Deimhnithe
imréitigh cánach
chun críocha *alt 21,*
22, 23 nó 24.

- (a) i ndáil le híoc nó le cur ar aghaidh aon chánacha, ús nó pionóis a cheanglaítear a íoc nó a chur ar aghaidh faoi na hAchtanna leis na Coimisinéirí Ioncaim nó chucu, agus

- (b) i ndáil le seachadadh aon tuairisceán a cheanglaítear a dhéanamh faoi na hAchtanna,

go ndéanfaidh sé nó sí iarratas chun an Ard-Bhailitheora i cibé foirm a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin chun críocha *alt 21, 22, 23 nó 24*, déanfaidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú (dá ngairtear “deimhniú imréitigh cánach” san Acht seo) a eisiúint chuig an duine, á rá, tráth eisiúna an deimhnithe, go gcomhlíonann an duine na hoibleagáidí sin.

(2) Ní eiseofar deimhniú imréitigh cánach chuig duine mura rud é—

- (a) go ndéanann an duine, agus

- (b) má tá nó má bhí an duine ina chomhalta nó ina comhalta de chomhpháirtíocht, i leith thréimhse chomhaltas an duine, go ndéanann an chomhpháirtíocht,

na hoibleagáidí a chomhlíonadh a fhorchuirtear ar an duine agus ar an gcomhpháirtíocht leis na hAchtanna i ndáil leis na nithe a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d’fho-alt (1)*.

(3) Beidh feidhm ag fo-ailt (6) agus (7) d’alt 1094 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hiarratas ar dheimhniú imréitigh cánach faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le hiarratas ar dheimhniú imréitigh cánach faoin alt sin.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

(4) Más rud é go ndéanfaidh duine iarratas, de bhun *fho-alt (1)* (seachas duine a dhéanfaidh iarratas amhlaidh chun críocha *alt 24*), chun deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuige nó chuici agus—

- (a) nach mbeidh breith tugtha ag an Ard-Bhailitheoir i dtaobh deimhniú den sórt sin a eisiúint nó diúltú é a eisiúint, nó
- (b) go ndiúltóidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú den sórt sin a eisiúint agus go bhfuil an diúltú ina ábhar d'achomharc nó d'achomharc breise faoi *alt 1094(7)* den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna chur chun feidhme le *fo-alt (4)*), nach mbeidh breith tugtha air,

déanfaidh an tArd-Bhailitheoir, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici ag an duine, ráiteas i scríbhinn (dá ngairtear “ráiteas iarratais” san Acht seo) a thabhairt don duine lena ndearbhófar go bhfuil iarratas déanta ag an duine chuige nó chuici chun deimhniú imréitigh cánach a eisiúint agus nach bhfuil cinneadh déanta ar an iarratas.

(5) Más rud é, maidir leis an Ard-Bhailitheoir—

- (a) go dtabharfaidh sé nó sí ráiteas iarratais do dhuine faoin *alt seo*, agus
- (b) tar éis dó nó di an t-iarratas dá ndéanfar tagairt sa ráiteas sin a bhreithniú, go ndiúltóidh sé nó sí deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chuig an duine agus go dtabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don duine maidir leis an diúltú, agus
 - (i) go mbeidh an t-am chun achomharc nó achomharc breise a thionscnamh in aghaidh an diúltaithe imithe in éag,
 - (ii) go mbeidh aon achomharc den sórt sin nó aon achomharc breise tarraingthe siar, nó
 - (iii) ar aon achomharc den sórt sin nó ar achomharc breise, gur seasadh leis an diúltú,

tabharfaidh an tArd-Bhailitheoir fógra i scríbhinn don Choimisiún maidir leis an diúltú.

(6) Más rud é, díreach roimh dhiúltú de bhun *fho-alt (5)*, go raibh an duine lena mbaineann ina chomhalta nó ina comhalta, déanfaidh an Coimisiún, ar an bhfógra faoin bhfo-alt sin i ndáil leis an diúltú a fháil, tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas i ndáil leis an ní agus cóip di mar aon le cóip den fhógra a thabhairt don Choiste agus cuirfidh an Coiste faoi deara cóip den tuarascáil agus den fhógra a leagan faoi bhráid an Tí.

(7) I gcás go n-eiseoidh an tArd-Bhailitheoir ráiteas iarratais chuig duine, measfar nach mbeidh an duine ag sárú *alt 21* nó *23*, de réir mar is cuí (“an t-alt iomchuí”), tráth ar bith—

- (a) tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear san alt iomchuí maidir leis an duine do thabhairt deimhniú imréitigh cánach don Choimisiún, agus
- (b) sula n-eiseoidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú imréitigh cánach don duine chun críocha an ailt iomchuí nó sula

[2001.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.* [Uimh. 31.]

A.25

dtabharfaidh an tArd-Bhailitheoir fógra don duine á rá go mbeidh sé nó sí ag diúltú déanamh amhlaidh, ach má thugtar fógra den sórt sin don Choimisiún, measfar dá éis sin go mbeidh an duine ag sárú an ailt iomchuí.

26.—(1) Leasaítear leis seo alt 6 (pionós mar gheall ar dhearbhú bhréagach) den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938—

Leasú ar an Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

(a) trí “£2,000” a chur in ionad “caoga punt”, agus

(b) trí “6 mhí” a chur in ionad “trí mhí”.

(2) Tá feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le dearbhuithe reachtúla arna ndéanamh tar éis thosach feidhme an ailt seo.

27.—Más rud é go dtarlóidh aon deacracht ar aon bhealach i rith na tréimhse 2 bhliain tar éis thosach feidhme an ailt seo maidir leis an Acht seo a thabhairt i ngníomh, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh ar dealraitheach gur gá nó gur fóirsteanach é chun an tAcht seo a thabhairt i ngníomh.

Deacrachtaí a réiteach.

28.—(1) Faoi réir *fo-alt (2)*, aisghairtear leis seo an Príomh-Acht a mhéid a shonraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 2*.

Aisghairm agus cúlghairm.

(2) Níl éifeacht leis an aisghairm ar alt 22(2) den Phríomh-Acht a shonraítear i *Sceideal 2* i ndáil le gearáin arna ndéanamh roimh thosach feidhme an ailt seo.

(3) Cúlghairtear leis seo na rialacháin seo a leanas—

(a) Rialachán 5 de na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 1996 (I.R. Uimh. 57 de 1996),

(b) Rialachán 6 de na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlacht Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe Forordaithe agus Poist Ainmnithe Forordaithe i gComhlachtaí Poiblí), 1997 (I.R. Uimh. 32 de 1997), agus

(c) na Rialacháin fán Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Alt 3(1)(b)), 1997 (I.R. Uimh. 320 de 1997).

29.—(1) Féadfar an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal, tosach feidhme, forléiriú agus comhluanna.

(2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an Rialtas le hordú.

(b) Níl feidhm ag *mír (a)* maidir leis an Acht seo a mhéid a bhaineann sé le ceachtar Teach, nó le comhaltaí nó le Cléireach ceachtar Tí, nó le coistí de chuid ceachtar Tí nó le comhchoistí de chuid an dá Theach, nó le fochoistí de chuid aon cheann de na coistí réamhráite, nó lena gcomhaltaí nó lena gcléirigh.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí* [2001.]
Poiblí, 2001.

- (c) Má dhearbhaíonn ceachtar Teach amhlaidh le rún, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé leis an Teach sin, lena chomhaltaí, lena Chléireach agus lena choistí, agus le fochoistí de chuid na gcoistí sin, agus lena gcomhaltaí agus lena gcléirigh, ar cibé lá a shonrófar sa rún.
 - (d) Má dhearbhaíonn gach Teach amhlaidh le rún, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé le comhchoistí de chuid an dá Theach, agus lena gcomhaltaí agus lena gcléirigh, agus le fochoistí de chuid na gcoistí sin, ar cibé lá a shonrófar sa rún.
 - (e) Má dhearbhaíonn ceachtar Teach amhlaidh le rún, scoirfidh an tAcht seo de bheith i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé leis an Teach sin, lena chomhaltaí agus lena Chléireach agus lena choistí, agus le fochoistí de chuid na gcoistí sin, agus lena gcomhaltaí agus lena gcléirigh, amhail ar agus ó cibé lá a shonrófar sa rún.
 - (f) Má dhearbhaíonn ceachtar Teach amhlaidh le rún, scoirfidh an tAcht seo de bheith i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé le comhchoistí de chuid an dá Theach, agus le fochoistí de chuid na gcoistí sin, agus lena gcomhaltaí agus lena gcléirigh, amhail ar agus ó cibé lá a shonrófar sa rún.
- (3) Féadfar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 a ghairm le chéile den Phríomh-Acht agus den Acht seo (ach amháin a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna an Choimisiúin faoi Acht 1997) agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.
- (4) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2001 a ghairm le chéile de na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 1999 agus den Acht seo a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna an Choimisiúin faoi Acht 1997.

SCEIDEAL 1

Alt 13.

LEASÚ AR AN BPRÍOMH-ACHT

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
2	<p>(1) I bhfo-alt (1), cuirfear an míniú seo a leanas in ionad an mhíniú ar “bronntanas”:</p> <p>“ciallaíonn ‘bronntanas’ bronntanas airgid nó maoine eile ach gan deonachán (de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997) a áireamh;”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (2), cuirfear na míniú seo a leanas isteach:</p> <p>“ciallaíonn ‘Acht 1997’ an tAcht Toghcháin, 1997; ciallaíonn ‘Acht 2001’ an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001;</p> <p>ciallaíonn ‘gníomh sonraithe’ gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d’Acht 2001 agus foláíonn tagairtí do ghníomh sonraithe a dhéanamh tagairtí do neamhghníomh den sórt sin a dhéanamh agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin, ach forléireofar tagairtí, i ndáil le comhalta, do ghníomh sonraithe amháil is dá mba thagairtí don chomhalta do chomhlíonadh fheidhmeanna oifig an chomhalta iad na tagairtí san alt sin 4(1)(a) don duine sonraithe do chomhlíonadh fheidhmeanna na hoifige nó an phoist ar faoina treoir nó faoina threoir atá an duine sonraithe ina dhuine den sórt sin nó ina duine den sórt sin.”.</p> <p>(3) I bhfo-alt (3), cuirfear “nó go ndéanfaí cailteanas suntasach, dliteanas suntasach, éiric shuntasach, forghéilleadh suntasach, pionós suntasach nó míbhuntáiste suntasach eile a fhorchur ar an duine gan é nó í a thabhairt, a choimeád siar nó a fhorchur freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó orthu, nó d’aicme daoine nó ó aicme daoine nó ar aicme daoine,” in ionad “gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d’aicme daoine nó ó aicme daoine”.</p>
5	<p>(1) I bhfo-alt (1), cuirfear “tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir ina dhiaidh sin, ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Choimisiún” in ionad “tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta sin, ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Chléireach”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (2), cuirfear “tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir ina dhiaidh sin” in ionad “tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta sin”.</p> <p>(3) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (3):</p> <p>“(3A) (a) I gcás go ndéantar lánscor ar cheachtar Teach le linn na tréimhse 30 lá tar éis dáta clárúcháin, féadfaidh duine a bhí ina chomhalta nó ina comhalta an dáta sin a iarraidh ar an gcéad Choiste a cheapfar tar éis an olltoghcháin do chomhaltaí don Teach sin tar éis an lánscóir sin comhairle a thabhairt dó nó di faoi alt 12 i ndáil leis an alt seo agus, má dhéanann comhalta amhlaidh—</p> <p>(i) déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn á rá go ndearna sé nó sí an iarraidh réamhráite a thabhairt don Chléireach, mar aon lena ráiteas faoi fho-alt (1) nó (2) i ndáil leis an dáta clárúcháin sin,</p> <p>(ii) féadfaidh an comhalta, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an chomhairle a fháil ón gCoiste, ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Chléireach maidir le haon athruithe ar a ráiteas faoi fho-alt (1) nó (2) atá le déanamh de bhua na comhairle, agus</p> <p>(iii) beidh feidhm ag alt 6(4) maidir le ráiteas faoin bhfo-alt seo mar atá feidhm aige maidir le ráiteas a thabharfar don Chléireach faoi mhír (a), (b) nó (c) d’alt 29(1).”.</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
6	<p>I bhfo-alt (4)—</p> <p>(a) i mír (a), cuirfear “faoi mhíreanna (a), (b) agus (c) d’alt 29(1)” in ionad “faoi alt 29(1)”, agus</p> <p>(b) i mír (b)(ii), cuirfear “i gcás an ráitis maidir leis an gceartú, má bhaineann sé” in ionad “má bhaineann ceachtar de na ráitis sin”.</p>
7	<p>(1) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (2):</p> <p>“(2A) Maidir le comhalta dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a iarrfaidh ar an gCoiste comhairle a thabhairt dó nó di faoi alt 12(1)(b) i ndáil leis an alt seo agus nach bhfaighidh an chomhairle roimh an óráid nó an vótáil lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí—</p> <p>(a) más cás é lena mbaineann mír (a) d’fho-alt (2), dearbhú i dtaobh na hiarrata a dhéanamh sna himeachtaí lena mbaineann roimh an óráid sin nó lena linn agus, ar an gcomhairle sin a fháil, a luaithe is féidir, dearbhú i scríbhinn a dhéanamh i dtaobh na comhairle agus é a thabhairt don Chléireach nó do chléireach an choiste lena mbaineann, de réir mar is cuí, agus</p> <p>(b) más cás é lena mbaineann mír (b) d’fho-alt (2), an dearbhú céadluaite réamhráite a dhéanamh i scríbhinn agus é a thabhairt don Chléireach nó do chléireach an choiste lena mbaineann, de réir mar is cuí, sula vótálfaidh sé nó sí agus, ar an gcomhairle sin a fháil, a luaithe is féidir, dearbhú a dhéanamh i scríbhinn i dtaobh na comhairle agus é a thabhairt don Chléireach nó do chléireach an choiste lena mbaineann, de réir mar is cuí,</p> <p>agus beidh feidhm ag fo-alt (5) maidir le dearbhú faoin bhfo-alt seo mar atá feidhm aige maidir le dearbhú faoi fho-alt (2) fairis an modhnú go bhforléireofar mír (b) mar mhír lena ndéantar foráil maidir le cóip de dhearbhu faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid an Tí in ionad é a fhoilsíú de réir na míre sin.”</p> <p>(2) I bhfo-alt (3), cuirfear “nó go ndéanfaí cailteanas suntasach, dliteanas suntasach, éiric shuntasach, forghéilleadh suntasach, pionós suntasach nó míbhuntáiste suntasach eile a fhorchur ar an duine gan é nó í a thabhairt freisin, a choimeád siar freisin nó a fhorchur freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó orthu, nó d’aicme daoine nó ó aicme daoine nó ar aicme daoine,” in ionad “gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d’aicme daoine nó ó aicme daoine”.</p>
8	<p>(1) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (1):</p> <p>“(1A) D’ainneoin fho-alt (1), féadfaidh Teach le rún ainm an choiste arna cheapadh aige faoin alt seo a athrú chuig ainm eile, agus aon uair a athrófar ainm coiste den sórt sin amhlaidh, forléireofar tagairtí san Acht seo don ainm céadluaite mar thagairtí don ainm eile sin.”</p> <p>(2) I bhfo-alt (2), cuirfear “nó go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “alt 5 nó 7”.</p> <p>(3) I bhfo-alt (3), cuirfear “nó nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun cás <i>prima facie</i> a bhunú i ndáil leis an ngearán” isteach i ndiaidh “suaibhreasach nó cráiteach”.</p> <p>(4) I bhfo-alt (4)—</p> <p>(a) cuirfear “nó go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “alt 5 nó 7”, agus</p> <p>(b) cuirfear “leis an gCoiste sin” in ionad “le Coiste an Tí sin”.</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
9	<p>(1) I bhfo-alt (1), cuirfear “nó an ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “alt 5 nó 7” agus cuirfear “nó <i>alt 4 d’Acht 2001</i>” isteach i ndiaidh “alt 8”.</p> <p>(2) Cuirfear an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (2):</p> <p>“(2) I gcás go dtiocfaidh Coiste ar an tuairim, cibé acu le linn imscrúdú faoin alt seo i ndáil le halt 5 nó 7 nó ar imscrúdú den sórt sin a thabhairt chun críche, nár sháraigh an comhalta is ábhar don imscrúdú an t-alt sin ach go mb’fhéidir gur sháraigh sé nó sí an t-alt eile nó go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe, féadfaidh sé imscrúdú a dhéanamh faoin alt seo chun a chinneadh ar sháraigh an duine an t-alt eile sin nó an ndearna sé nó sí an gníomh sonraithe.”</p> <p>(3) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (2):</p> <p>“(2A) I gcás go dtiocfaidh Coiste ar an tuairim, cibé acu le linn imscrúdú faoin alt seo i ndáil le gníomh sonraithe nó ar imscrúdú den sórt sin a thabhairt chun críche, nach ndearna an comhalta is ábhar don imscrúdú an gníomh sonraithe sin ach go mb’fhéidir go ndearna sé nó sí gníomh eile den sórt sin nó gur sháraigh sé nó sí alt 5 nó 7, féadfaidh sé imscrúdú a dhéanamh faoin alt seo chun a chinneadh an ndearna an duine an gníomh sonraithe eile sin nó ar sháraigh sé nó sí alt 5 nó 7.</p> <p>(2B) Má thagann Coiste ar an tuairim nach bhfuil agus nach mbeidh fianaise leordhóthanach ar fáil chun go mbeidh bonn le gearán arna tharchur chuige nó arna dhéanamh leis faoi alt 8, féadfaidh sé breith a thabhairt gan imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh nó scor d’imscrúdú den sórt sin a dhéanamh.”</p> <p>(4) I bhfo-alt (3)(a), cuirfear “<i>alt 4 d’Acht 2001</i> nó alt 8” in ionad “alt 8”.</p>
10	<p>(1) I bhfo-alt (1)(b), cuirfear “nó go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “alt 5 nó 7”.</p> <p>(2) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (1):</p> <p>“(1A) Más rud é, cibé acu le linn imscrúdú faoi alt 9 nó ar imscrúdú den sórt sin a thabhairt chun críche, gurb é tuairim Coiste go mb’fhéidir go ndearna an duine is ábhar don imscrúdú cion—</p> <p>(a) ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn i ndáil leis an ní agus tabharfaidh sé an tuarascáil, i dteannta aon doiciméid ionchúí nó aon ruda eile ina sheilbh aige, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus tabharfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí fógra don Choiste i dtaobh cibé acu, tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, atá imeachtaí tionscanta aige nó aici mar gheall ar chion i leith aon ní a bheidh luaite inti, nó ar chuir sé nó sí faoi deara an céanna a dhéanamh, nó ar thug sé nó sí breith gan aon imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, nó gan cur faoi deara iad a thionscnamh, agus maidir le toradh deiridh aon imeachtaí den sórt sin (lena n-áirítear aon achomharc, cibé acu mar chás sonraithe nó eile é, athéisteacht nó atriail), agus</p> <p>(b) déanfaidh sé cóip dá thuarascáil faoi <i>mhír (a)</i> agus ráiteas i dtaobh an fhógra nó na bhfógraí réamhráite a chur lena thuarascáil faoi fho-alt (1).”</p> <p>(3) I bhfo-alt (2)—</p> <p>(a) i mír (a), cuirfear “nó, de réir mar a bheidh, an ndearna sé nó sí gníomh sonraithe agus an bhfuil an gníomh ag dul ar aghaidh” isteach i ndiaidh “ag dul ar aghaidh”,</p> <p>(b) i mír (b), cuirfear “agus nach ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “déanta ag an gcomhalta”, agus</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	<p>(c) cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (c):</p> <p>“(c) i gcás gurb é an cinneadh go ndearna an comhalta sárú ar alt 5 nó 7, nó go ndearna sé nó sí gníomh sonraithe—</p> <p>(i) más é an cinneadh go bhfuil an sárú nó an gníomh ag dul ar aghaidh, na bearta is gá dó nó dí a dhéanamh d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé nó sí alt 5 nó 7 nó go scoirfear den ghníomh,</p> <p>(ii) an ndearnadh an sárú nó an gníomh de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d’aon turas,</p> <p>(iii) an raibh an sárú, sna himthosca uile, ina shárú tromchúiseach nó ina mhionsárú, agus</p> <p>(iv) ar ghníomhaigh an comhalta de mheon macánta agus é nó í á chreidiúint go raibh a ghníomh nó a gníomh i gcomhréir le treoirlínte a bheidh foilsithe nó comhairle a bheidh tugtha i scríbhinn ag Coiste faoi <i>alt 12</i>,</p> <p>agus féadfaidh tagairt a bheith inti do cibé nithe eile, más ann, is cú leis an gCoiste.”</p>
11	I bhfo-alt (1)(a), cuirfear “agus nach ndearnadh gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “alt 5 nó 7”.
12	<p>(1) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) i mír (a), cuirfear “<i>alt 4(1)(a) d’Acht 2001</i> agus” isteach i ndiaidh “go gcomhlíonfaidh siad”, agus</p> <p>(b) i mír (b), cuirfear “an <i>ailt sin 4(1)(a) nó</i>” isteach i ndiaidh “i dtaobh fheidhm”.</p> <p>(2) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (1):</p> <p>“(1A) Maidir le haon treoirlínte a dhéanfaidh Coiste de cheachtar Teach a tharraingt suas agus a fhoilsíú faoi fho-alt (1)—</p> <p>(a) faoi réir mhír (b), leanfaidh siad i bhfeidhm go dtí go gcúlghairfear iad le treoirlínte a dhéanfaidh an Coiste sin a tharraingt suas agus a fhoilsíú faoin bhfo-alt sin nó a dhéanfaidh Coiste a bheidh ceaptha ag comhaltaí an Tí sin a tharraingt suas agus a fhoilsíú faoi alt 8 tar éis olltoghcháin dá éis sin le haghaidh comhaltaí den Teach sin agus a chuirfear in ionad na dtreoirlínte céadluaite nó lena leasófar treoirlínte eile faoin alt sin, agus</p> <p>(b) féadfar iad a leasú le treoirlínte faoin bhfo-alt sin a dhéanfaidh Coiste a shonraítear i mír (a) tharraingt suas agus a fhoilsíú.</p> <p>(1B) Maidir le doiciméad a airbheartóidh gur treoirlínte (1) atá ann faoi fho-alt, mura suítear a mhalairt, gurb iad na treoirlínte sin atá ann agus beidh sé inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile nó Coiste nó an Choimisiúin, agus féadfaidh an binse, an Coiste nó an Coimisiún aon fhoráil de chuid aon treoirlínte den sórt sin a mheasfaidh sé a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn dó an cheist a chinneadh.”</p>
13	<p>(1) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) cuirfear “, nó a scoirfidh de bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige roimh dháta clárúcháin,” isteach i ndiaidh “is sealbhóir oifige ar dháta clárúcháin”, agus</p> <p>(b) cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (b):</p> <p>“(b) más sealbhóir oifige an duine ar dháta clárúcháin ina dhiaidh sin nó má scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	<p>oifige nó ina sealbhóir oifige roimh dháta den sórt sin ach i ndiaidh an dáta clárúcháin is déanaí roimhe sin, aon tráth a raibh sé nó sí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige le linn na tréimhse idir an dáta céadluaite agus an dáta clárúcháin is déanaí roimhe sin nó, de réir mar a bheidh, idir an dáta céadluaite agus dáta an scoir.”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (4), cuirfear “tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir ina dhiaidh sin” in ionad “tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta sin”.</p>
14	I bhfo-alt (3)(b), cuirfear “sealbhóir oifige” in ionad “oifigeach”.
16	<p>Cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (a) d’fho-alt (2):</p> <p>“(a) Beidh feidhm ag alt 20 maidir le ráiteas faoi fho-alt (1)(a) fairis na modhnuithe go bhforléireofar na tagairtí san alt sin d’alt 19(3)(a)(i) mar thagairtí d’fho-alt (1)(a), go bhforléireofar na tagairtí don chomhairleoireacht speisialta mar thagairtí d’oifig an Ard-Aighne agus fara aon oiriúnuithe eile is gá.”.</p>
19	<p>Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (6):</p> <p>“(7) Comhlíonfar fo-alt (4) tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an duine lena mbaineann a cheapadh chun gníomhú mar chomhairleoir speisialta agus, i gcás go dtabharfar doiciméad dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin don sealbhóir oifige lena mbaineann tráth ar bith tar éis dheireadh na tréimhse réamhráite, tráth nach déanaí ná 60 lá i ndiaidh an trátha sin, agus is é nó is í an Taoiseach a dhéanfaidh an comhlíonadh sin, i gcás go bhfaighidh an sealbhóir oifige lena mbaineann bás nó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith faoi éagumas.”.</p>
20	<p>(1) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas in ionad fho-alt (1):</p> <p>“(1) Maidir le ráiteas a thabharfaidh duine faoi alt 17(1)(a) nó 18(2)(a)—</p> <p>(a) i gcás, de réir mar is cuí, gur ceapadh an duine chun na stiúirthóireachta nó an phoist lena mbaineann roimh dháta thosach feidhme na Coda seo agus gurb é atá sa ráiteas an chéad ráiteas den sórt sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine ón dáta sin, gur ráiteas é i leith na tréimhse ón dáta sin nó, más déanaí ná sin é, an dáta a tháinig an stiúirthóireacht nó an post, de réir mar is cuí, chun bheith ina stiúirthóireacht ainmnithe nó ina phost ainmnithe go dtí dáta an ráitis,</p> <p>(b) i gcás gur ceapadh an duine amhlaidh an dáta tosach feidhme sin nó ina dhiaidh agus gurb é atá sa ráiteas an chéad ráiteas den sórt sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine ó thráth an cheapacháin sin, gur ráiteas é i leith na tréimhse ó dháta an cheapacháin sin nó, más déanaí ná sin é, an dáta a tháinig an stiúirthóireacht nó an post, de réir mar is cuí, chun bheith ina stiúirthóireacht ainmnithe nó ina phost ainmnithe go dtí an 31 Nollaig dá éis sin,</p> <p>(c) in aon chás eile, gur ráiteas é i leith na tréimhse dar tosach an lá díreach i ndiaidh dháta éagtha na tréimhse lenar bhain an ráiteas is déanaí den sórt sin roimhe sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine go dtí an 31 Nollaig dá éis sin nó, más luaithe ná sin é, an dáta a tháinig deireadh leis an gceapachán lena mbaineann.</p> <p>(1A) Maidir le ráiteas a thabharfaidh duine faoi alt 19(3)(a)(i)—</p> <p>(a) i gcás gur ceapadh an duine chun na comhairleoireachta speisialta lena mbaineann roimh dháta thosach feidhme na Coda seo agus gurb é atá sa ráiteas an chéad ráiteas den sórt sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine ón dáta sin, gur ráiteas é i leith na tréimhse ón dáta sin go dtí dáta an ráitis,</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	<p>(b) i gcás gur ceapadh an duine amhlaidh an dáta tosach feidhme sin sin nó ina dhiaidh agus gurb atá sa ráiteas é an chéad ráiteas den sórt sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine ó thráth an cheapacháin sin, gur ráiteas é i leith na tréimhse ó dháta an cheapacháin sin go dtí an 31 Nollaig dá éis sin, agus</p> <p>(c) in aon chás eile, gur ráiteas é i leith na tréimhse dar tosach an lá díreach tar éis dháta éagtha na tréimhse lenar bhain an ráiteas is déanaí den sórt sin roimhe sin arna thabhairt amhlaidh ag an duine go dtí an 31 Nollaig dá éis sin nó, más luaithe ná sin é, an dáta a thiochfaidh deireadh leis an tréimhse dá dtagraítear in alt 19(2), i ndáil leis an duine.”.</p> <p>(2) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas in ionad fho-alt (3):</p> <p>“(3) Maidir le ráiteas ó dhuine faoi alt 17(1)(a), 18(2)(a) nó 19(3)(a)(i) i leith tréimhse a shonraítear i mír (a) d’fho-alt (1) nó i mír (a) d’fho-alt (1A), déanfaidh an duine é a thabhairt don duine nó do na daoine lena mbaineann tráth nach déanaí ná cibé tráth sa bhliain lena mbaineann a chinnfidh an tAire.</p> <p>(3A) Maidir le ráiteas ó dhuine faoi alt 17(1)(a), 18(2)(a) nó 19(3)(a)(i) i leith tréimhse a shonraítear i mír (b) nó (c) d’fho-alt (1) nó i mír (b) nó (c) d’fho-alt (1A), déanfaidh an duine é a thabhairt don duine nó do na daoine lena mbaineann tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir sa bhliain tar éis na bliana ina raibh an tréimhse.</p> <p>(3B) D’ainneoin fho-alt (3A), más rud é, i ndáil le duine is comhairleoir speisialta, de réir bhrí alt 19, go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin, déanfaidh an duine ráiteas faoi fho-alt (3)(a)(i) den alt sin i ndáil leis an tréimhse sin a thabhairt do na daoine lena mbaineann tráth nach déanaí ná 28 lá ón lá a thiochfaidh deireadh leis an tréimhse sin amhlaidh.”.</p>
21	I bhfo-ailt (3) agus (4), cuirfear an leagan cuí gramadaí de “gnáthchomhalta den Choimisiún” in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “comhalta den Choimisiún” gach áit a bhfuil sé.
22	<p>(1) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) i mír (b), scriosfar “that” sa téacs Béarla, agus</p> <p>(b) cuirfear “leis an gCoimisiún” in ionad “leis an gCléireach agus, faoi réir <i>fho-alt</i> (2), déanfaidh an Cléireach an ní a tharchur chuig an gCoimisiún agus cóip den ghearán a thabhairt don Choimisiún”.</p> <p>(2) Cuirfear an fo-alt seo a leanas i ndiaidh fho-alt (4):</p> <p>“(5) Má chinneann Coiste le rún—</p> <p>(a) gur chóir don Choimisiún gearán faoi alt 8(2) arna dhéanamh leis nó arna tharchur chuige a imscrúdú, nó</p> <p>(b) i gcás comhalta (seachas comhalta atá ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige, nó a bhí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige, an tráth iomchuí), gur chóir don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil alt 5, 7 nó 12 sáraithe ag an gcomhalta nó an bhfuil gníomh sonraithe déanta aige nó aici,</p> <p>déanfaidh cathaoirleach an Choiste—</p> <p>(i) i gcás lena mbaineann <i>mír</i> (a), an ní a tharchur chuig an gCoimisiún agus cóip den ghearán lena mbaineann a thabhairt don Choimisiún, agus</p> <p>(ii) i gcás lena mbaineann <i>mír</i> (b), gearán a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an ní leis an gCoimisiún.”.</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
23	<p>I bhfo-alt (3), cuirfear “an fhoráil den Acht seo nó d’Acht 1997 lena mbaineann an t-imscrúdú nó nach ndearna sé nó sí gníomh sonraithe, ach, de réir mar is cuí, go mb’fhéidir gur sháraigh sé nó sí foráil eile de Chuid II, III nó IV nó d’Acht 1997, nó go mb’fhéidir ndearna sé nós í gníomh sonraithe, féadfaidh sé imscrúdú a dhéanamh faoin alt seo chun a chinneadh, de réir mar is cuí, ar sháraigh an duine an fhoráil eile sin nó an tAcht sin nó an ndearna sé nó sí gníomh sonraithe” in ionad na bhfocal ó “an fhoráil den Acht seo”, agus na focail sin san áireamh, go dtí deireadh an fho-ailt.</p>
24	<p>(1) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (b):</p> <p>“(b) más rud é gur tháinig an t-imscrúdú i ndiaidh gearáin faoi alt 22 nó faoi alt 4 d’Acht 2001, don duine a rinne an gearán agus, más rud é gur tarchuireadh an gearán chuig an gCoimisiún nó go ndearnadh leis é faoi alt 22(5), don Choiste lena mbaineann, agus”</p> <p>(b) i mír (c)(i), cuirfear “nó Acht 1997 nó go raibh gníomh sonraithe déanta aige nó aici” isteach i ndiaidh “Cuid II, III nó IV”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (2)—</p> <p>(a) cuirfear “nó mar chomhalta” isteach i ndiaidh “mar shealbhóir oifige”,</p> <p>(b) scriosfar “nó gur féidir gur sháraigh an duine <i>Cuid II</i> sular tháinig sé nó sí chun bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige”, agus</p> <p>(c) i mír (a), cuirfear “cibé acu, tar éis an tuarascáil a fháil,” in ionad “cibé acu”.</p> <p>(3) I bhfo-alt (3)—</p> <p>(a) cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) an ndearna an duine lena mbaineann sárú ar Chuid II, III nó IV nó ar Acht 1997 nó an ndearna sé nó sí gníomh sonraithe agus an bhfuil an sárú nó an gníomh ag dul ar aghaidh,”</p> <p>(b) i mír (b), cuirfear “nó ar Acht 1997, déanta ag an duine agus nach ndearna an duine gníomh sonraithe,” in ionad “déanta ag an duine,” agus</p> <p>(c) i mír (c)—</p> <p>(i) cuirfear “ar Chuid II, III nó IV nó ar Acht 1997 déanta ag an duine nó go ndearna an duine gníomh sonraithe” in ionad “ar Chuid II, III nó IV déanta ag an duine”, agus</p> <p>(ii) cuirfear na fomhíreanna seo a leanas in ionad fhomhíreanna (i), (ii) agus (iii):</p> <p>“(i) más é an cinneadh go bhfuil an sárú ag dul ar aghaidh nó, de réir mar a bheidh, go bhfuil an gníomh sonraithe ag dul ar aghaidh, na bearta is gá dó nó di a dhéanamh d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé nó sí Cuid II, III nó IV nó Acht 1997 nó d’fhonn a áirithiú go scoirfear den ghníomh sonraithe, de réir mar a bheidh, agus an tréimhse ama ar laistigh di ba chóir na bearta sin a dhéanamh,</p> <p>(ii) an ndearnadh an sárú nó an gníomh de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d’aon turas,</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	<p>(iii) sna himthosca go léir, ar shárú tromchúiseach nó mionsárú é an sárú nó ar ghníomh tromchúiseach nó mionghníomh é an gníomh, agus”.</p> <p>(4) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (5):</p> <p>“(5A) Féadfaidh comhlacht poiblí a dtabharfar tuarascáil faoi fho-alt (1) nó fho-alt (2) d’alt 23 d’Acht 2001 dó, tar éis dó an tuarascáil a bhreithniú agus aighneachtaí i ndáil leis an ní a iarraidh ar an duine lena mbaineann agus aon aighneachtaí den sórt sin a bhreithniú, cibé gníomh a dhéanamh i ndáil leis an duine lena mbaineann an tuarascáil is cuí leis lena n-áirítear é nó í a chur ar fionraí gan luach saothair a íoc leis nó léi ón oifig nó ón bpost a shealbháíonn an duine nó a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh sé, ar tréimhse í, i gcás duine lena mbaineann tuarascáil faoin bhfo-alt sin (2), tréimhse dar críoch tráth nach déanaí ná an dáta a thabharfar na doiciméid lena mbaineann a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) den alt sin 23 don Choimisiún.”.</p>
25	<p>(1) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) i mír (a), cuirfear “(seachas comhaltaí nach sealbhóirí oifige iad)” isteach i ndiaidh “a fhoilsíú chuig daoine”, cuirfear “alt 4(1)(a) d’Acht 2001 nó” isteach i ndiaidh “lena mbaineann”, agus cuirfear “an t-alt sin agus” isteach i ndiaidh “go gcomhlíonfaidh siad”, agus</p> <p>(b) i mír (b), cuirfear “agus féadfaidh sé, ar iarraidh ó dhuine comhairle a thabhairt don duine, má tá feidhm ag alt 4(1)(a) maidir leis an duine, i ndáil leis an alt sin nó maidir leis an alt sin a chur i bhfeidhm, in aon chás áirithe” isteach i ndiaidh “ar aon fhoráil den sórt sin”.</p> <p>(2) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (1):</p> <p>“(1A) Maidir le treoirlínte arna dtarraingt suas agus arna bhfoilsíú faoi fho-alt (1)—</p> <p>(a) leanfaidh siad i bhfeidhm, faoi réir mhír (b), go dtí go gcúlghairfear le treoirlínte a dhéanfar amach agus a fhoilseofar faoin bhfo-alt sin iad, agus</p> <p>(b) féadfar iad a leasú le treoirlínte a dhéanfar a tharraingt suas agus a fhoilsíú faoin bhfo-alt sin.</p> <p>(1B) Maidir le doiciméad a airbheartóidh gur treoirlínte faoi fho-alt (1) atá ann, measfar, mura suítear a mhalairt, gur treoirlínte den sórt sin atá ann agus beidh sé inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile nó Coiste nó an Choimisiún, agus féadfaidh sé aon fhoráil d’aon treoirlínte den sórt sin is dealraitheach don bhinse, don Choiste nó don Choimisiún a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí a chur san áireamh le linn dó a bheith ag cinneadh na ceiste.”.</p> <p>(3) I bhfo-alt (2), cuirfear “ag an bhforáil lena mbaineann de Chuid II, III nó IV nó d’Acht 1997” in ionad “ag an bhforáil lena mbaineann de Chuid II, III nó IV”.</p>
26	<p>I bhfo-alt (1)(a)—</p> <p>(a) cuirfear “nó faoi alt 4 d’Acht 2001” isteach i ndiaidh “(seachas fo-alt (4)),” agus</p> <p>(b) cuirfear “nó ar Acht 1997 nó nach ndearnadh gníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “ar Chuid II, III nó IV”.</p>
28	<p>(1) I bhfo-alt (1), cuirfear “agus déanfaidh sé, má thugtar an chóip dó de bhun alt 21(4) nó 23(2) d’Acht 2001,” isteach i ndiaidh “déanamh amhlaidh”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (2)(c), cuirfear an fhomhír seo a leanas in ionad fhomhír (ii):</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	<p>“(ii) ina theannta sin—</p> <p>(I) má tá cinneadh sa tuarascáil réamhráite go bhfuil an sealbhóir oifige nó an comhalta eile ag dul ar aghaidh leis an sárú ar an Acht seo nó go bhfuil an gníomh sonraithe lena mbaineann ag dul ar aghaidh agus gur deimhin leis an gCoiste gur lean an sárú nó an gníomh suas go dtí dáta na tairisceana le haghaidh an rúin lena mbaineann faoi fho-alt (1), nó</p> <p>(II) más deimhin leis an gCoiste, i gcás lena mbaineann <i>alt 25 d’Acht 2001</i>, nach bhfuil <i>alt 21</i> nó <i>23</i>, de réir mar is cuí, comhlíonta ag an sealbhóir oifige nó ag an gcomhalta eile lena mbaineann, suas go dtí an dáta réamhráite,</p> <p>go dtí cibé tráth (más ann) i ndiaidh dheireadh na tréimhse a shonrófar de bhun fhomhír (i) sa rún a dhéanfaidh sé nó sí na bearta a shonrófar sa rún (arb iad na bearta a bheidh sonraithe sa tuarascáil iad) chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé nó sí an tAcht nó go scoirfidh sé nó sí den ghníomh nó, de réir mar a bheidh, a thabharfaidh an sealbhóir oifige nó comhalta eile na doiciméid a shonraítear in <i>alt 21</i> nó <i>23</i>, de réir mar is cuí, don Choimisiún.”.</p> <p>(3) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (2):</p> <p>“(2A) (a) D’ainneoin fho-alt (4), i gcás gurb ionann an gníomh a bheidh sonraithe i dtairiscint le haghaidh rúin faoi fho-alt (1) agus an gníomh a shonraítear i bhfo-alt (2)(c), nó go mbeidh an dara gníomh réamhráite ar áireamh sa chéad ghníomh réamhráite, féadfaidh go mbeidh ar áireamh ann freisin, faoi réir na forálacha a shonraítear i mír (b) a chomhlíonadh, cibé méid den tsuim bhliantúil ar mhodh tuarastail is iníoctha leis nó léi faoi Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí), 1938, a bheidh sonraithe sa rún, a choimeád siar ón sealbhóir oifige nó ó chomhalta eile lena mbaineann.</p> <p>(b) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír (a):</p> <p>(i) gurb é tuairim an Choiste lena mbaineann go ndearnadh an gníomh nó an sárú lena mbaineann an tairiscint go toiliúil agus gur de chineál tromfaí é an gníomh nó an sárú sin,</p> <p>(ii) go bhfuil an coimeád siar réasúnach sna himthosca go léir,</p> <p>(iii) nach mó méid na suime bliantúla a bheidh sonraithe sa rún ná an méid di is iníoctha i leith na tréimhse fionraí ó sheirbhís an Tí lena mbaineann a bheidh sonraithe sa rún.”.</p>
29	<p>I bhfo-alt (1), cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (e):</p> <p>“(e) Aon tráth a gheobhaidh an Cléireach ráiteas faoi mhír (a), (b), (c) nó (d) nó faoi alt 30 nó aon tráth a cheartóidh sé nó sí earráid i gclár, nó a leasóidh sé nó sí clár, arna bhunú aige nó aici faoi alt 6, déanfaidh sé nó sí—</p> <p>(i) i gcás ráiteas faoi mhír (a), (b), (c) nó (d) a bhainfidh le leas breise, cóip de a thabhairt don Choimisiún agus (más ráiteas ó Aire den Rialtas nó ó Aire Stáit é) don Taoiseach,</p> <p>(ii) i gcás ráiteas faoi alt 30, cóip de a thabhairt don Choimisiún,</p> <p>(iii) i gcás ceartú nó leasú, é a chur in iúl don Choimisiún.”.</p>

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
31	I bhfo-alt (2), cuirfear “nó a dhéanfar leis faoi <i>alt 4 d’Acht 2001</i> ” isteach i ndiaidh “(seachas fo-alt (4) den alt sin)”.
32	<p>(1) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (4):</p> <p>“(4A) Féadfaidh Coiste nó an Coimisiún, ar chúis leordhóthanach má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh, a shocrú go ndéanfaidh, i gcás Coiste, comhalta den Choiste, comhalta d’fhoireann an Choiste nó aon duine eile agus, i gcás an Choimisiúin, comhalta den Choimisiún, comhalta d’fhoireann an Choimisiúin nó aon duine eile, duine a cheistiú in aon áit sa Stát nó lasmuigh de, agus féadfaidh sé fianaise an duine a thógfar sa cheistiú a ghlacadh, i cibé foirm a chinnfidh sé, agus beidh feidhm ag na rialacha cúirte is iomchuí a bhaineann le fianaise in imeachtaí san Ard-Chúirt i ndáil leis na nithe réamhráite fara aon mhodhnuithe is gá.</p> <p>(4B) I ndáil leis na nithe a shonraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) agus, a mhéid a bhaineann siad le Coiste nó leis an gCoimisiún, i bhfo-alt (4A), beidh na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí go léir a dhílseofar don Ard-Chúirt ar ócáid caingne ag Coiste nó ag an gCoimisiún agus, i ndáil leis na nithe a shonraítear i bhfo-alt (4A), a mhéid a bhaineann siad le duine atá ag seoladh ceistiú de bhun an fho-ailt sin, beidh na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí réamhráite go léir ag an duine sin.”.</p> <p>(2) I bhfo-alt (6)(b), cuirfear “nó ar Acht 1997 nó maidir leis an ngníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “ar an Acht seo”.</p> <p>(3) Cuirfear an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (8):</p> <p>“(8) Aon duine a mbeidh a chuid fianaise nó a cuid fianaise tugtha, á tabhairt nó le tabhairt—</p> <p>(a) os comhair Coiste nó an Choimisiúin,</p> <p>(b) os comhair oifigigh fiosrúcháin, nó</p> <p>(c) os comhair duine chun go ndéanfaidh sé nó sí ceistiú de bhun fho-alt (4A),</p> <p>nó a thabharfaidh doiciméad ar aird do dhuine dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c), nó a chuirfidh an céanna chuige nó chuici, nó a n-ordóidh cathaoirleach Coiste nó cathaoirleach an Choimisiúin dó nó di, nó a n-iarrfaidh duine dá dtagraítear i mír (b) nó (c) air nó uirthi, chun na gríoch dá dtagraítear sa mhír sin, fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird don Choiste nó don Choimisiún nó don duine dá dtagraítear i mír (b) nó (c) nó freastal os comhair an Choiste nó an Choimisiúin nó an duine agus fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird ansin, beidh sé nó sí i dteideal na pribhléidí agus na ndíolúintí céanna i leith na nithe sin a bheadh ag finné os comhair na hArd-Chúirte i leith fianaise.”.</p> <p>(4) I bhfo-alt (11)(c), cuirfear “, a chomhairleoirí, a ghníomhairí” isteach i ndiaidh “a chomhaltaí”.</p> <p>(5) Cuirfear na fo-ailt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (11):</p> <p>“(11A) Beidh aon chaint a dhéanfaidh duine a bheidh ag seoladh ceistiú de bhun fho-alt (4A), nó oifigeach fiosrúcháin, chun go gcomhlíonfaidh sé nó sí a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna faoin Acht seo, faoi phribhléid iomlán agus beidh an chaint sin agus doiciméid arna n-ullmhú ag na daoine sin chun críocha an chomhlíonta sin faoi phribhléid iomlán cibé áit a bhfoilséofar í nó iad ina dhiaidh sin.</p> <p>(11B) Beidh aon chaint a dhéanfaidh comhaltaí, comhairleoirí, oifigigh nó gníomhairí de chuid Coiste nó de chuid an Choimisiúin ar shlí seachas ag cruinnithe den Choiste nó den Choimisiún chun go gcomhlíonfaidh siad a gcuid feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi <i>Acht 2001</i> faoi phribhléid iomlán agus beidh an chaint sin agus</p>

[2001.] *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.* [Uimh. 31.]

Sc.1

Alt (1)	Méid an Leasaithe (2)
	doiciméid ó na comhairleoirí, na hoifigigh agus na gníomhairí sin a bheidh bainteach le Coiste nó leis an gCoimisiún nó lena chuid feidhmeanna faoi phribhléid iomlán cibé áit a bhfoilseofar í nó iad dá éis sin.”
35	I bhfo-alt (2)(b)(i), cuirfear “alt 29(1)” in ionad “alt 29(2)”.
36	Cuirfear “nó go scoirfear de ghníomh sonraithe” isteach i ndiaidh “an tAcht seo”.

SCEIDEAL 2

Alt 28.

AISGHAIRM

Gearrtheideal (1)	Méid na hAisghairme (2)
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	In alt 21— i bhfo-alt (3)(a), fomhír (iii), i bhfo-alt (4)(c), na focail “Cathaoirleach Dháil Éireann, Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann,” fo-alt (6). In alt 22, fo-alt (2).